Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**10599/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0290(COD)**

**CODEC 1411**
**MI 561**
**ENT 105**
**CONSOM 203**
**SAN 313**
**COMPET 607**
**CHIMIE 39**
**ENV 575**
**PE 150**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 11 go dtí an 14 Márta 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir Marion WALSMANN (PPE, DE), tuarascáil ar an togra thuasluaite le haghaidh togra le haghaidh Rialacháin thar ceann an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) ina raibh 241 leasú (leasuithe 1 go 241) ar an togra.

Ina theannta sin, chuir an grúpa ECR cúig leasú síos (leasuithe 242 go 246), chuir an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) 12 leasú síos (leasuithe 247 go 258) agus chuir roinnt feisirí ó ghrúpaí polaitiúla éagsúla leasú amháin síos (leasú 259).

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáladh i seisiún iomlánach i bParlaimint na hEorpa an 13 Márta 2024, glacadh leasuithe 1 go 172, 174 go 197, 199 go 219, 221 go 241, 245 agus 247 go 258 ar an togra le haghaidh Rialacháin. Níor glacadh aon leasuithe eile.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é.

## P9_TA(2024)0144

## Sábháilteacht bréagán agus Treoir 2009/48/CE a aisghairm

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Márta 2024 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE (COM(2023)0462 – C9-0317/2023 – 2023/0290(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0462),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0317/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– g féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Nollaig 2023[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0044/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh go ndnfadh an Coimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C, 2024/1577, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1577/oj.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Is grúpa an-leochaileach iad leanaí. Tá sé fíor-riachtanach leibhéal ard sábháilteachta a áirithiú do leanaí agus iad ag súgradh le bréagáin. Ba cheart go ***mbeadh leanaí cosanta go hoiriúnach*** ar rioscaí a d'fhéadfadh teacht as bréagáin, ***go háirithe*** ó na substaintí ceimiceacha a d'fhéadfadh a bheith i mbréagáin. An tráth céanna, ba cheart go mbeadh bréagáin chomhlíontacha in ann gluaiseacht faoi shaoirse ar fud an mhargaidh inmheánaigh gan ceanglais bhreise. | (2) Is grúpa an-leochaileach iad leanaí. Tá sé fíor-riachtanach leibhéal ard sábháilteachta a áirithiú do leanaí agus iad ag súgradh le bréagáin. Ba cheart ***leanaí, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas, a chosaint*** go ***leordhóthanach*** ar rioscaí a d'fhéadfadh teacht as bréagáin, ***lena n-áirítear*** ó na substaintí ceimiceacha a d'fhéadfadh a bheith i mbréagáin. An tráth céanna, ba cheart go mbeadh bréagáin chomhlíontacha in ann gluaiseacht faoi shaoirse ar fud an mhargaidh inmheánaigh gan ceanglais bhreise. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ba cheart go leagfaí síos leis an Rialachán seo ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le bréagáin chun ardleibhéal cosanta a áirithiú le haghaidh sláinte agus sábháilteachta leanaí agus iad ag súgradh le bréagáin chomh maith le saorghluaiseacht bréagán san Aontas. Ba cheart an Rialachán seo a chur ***i bhfeidhm*** agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal an | (9) Ba cheart go leagfaí síos leis an Rialachán seo ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le bréagáin chun ardleibhéal cosanta a áirithiú le haghaidh sláinte agus sábháilteachta leanaí agus iad ag súgradh le bréagáin chomh maith le saorghluaiseacht bréagán san Aontas. Ba cheart an Rialachán seo a chur ***chun feidhme*** agus aird chuí á tabhairt ar |

réamhchúraim. | phrionsabal an réamhchúraim.

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Mar thoradh ar a bheith ag brath ar theicneolaíochtaí digiteacha, tá guaiseacha nua ann i mbréagáin. Ní mór do bhréagáin raidió ceanglais fhíor-riachtanacha a chomhlíonadh chun príobháideachas agus bréagáin atá nasctha leis an idirlíon a chosaint, chun coimircí i dtreo na cibearshlándála agus cosaint ar chalaois a ionchorprú i gcomhréir le Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] . Comhlíonfaidh bréagáin ina n-áirítear an intleacht shaorga Rialachán (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir don Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga][31]. Dá bhrí sin, ***níor*** cheart ceanglais sábháilteachta ***áirithe*** maidir leis an gcibearshlándáil, cosaint sonraí pearsanta agus ***príobháideachais ná*** guaiseacha eile a eascraíonn as ionchorprú na hintleachta saorga i mbréagáin ***a leagan amach. Mar sin féin, le sláinte leanaí a chosaint, níor cheart a áirithiú nach é amháin gur ann d'easpa galair nó éiglíochta agus d'fhéadfadh rioscaí a bheith ag baint le brath ar theicneolaíochtaí digiteacha, ar rioscaí iad a théann níos faide ná a sláinte fhisiciúil. Chun a áirithiú go gcosnófar leanaí ar aon riosca a thagann ó úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i mbréagáin, ba cheart go n-áiritheofaí leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta*** | (14) Mar thoradh ar a bheith ag brath ar theicneolaíochtaí digiteacha, tá guaiseacha nua ann i mbréagáin. Ní mór do bhréagáin raidió ceanglais fhíor-riachtanacha a chomhlíonadh chun príobháideachas agus bréagáin atá nasctha leis an idirlíon a chosaint, chun coimircí i dtreo na cibearshlándála agus cosaint ar chalaois a ionchorprú i gcomhréir le Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] . Comhlíonfaidh bréagáin ina n-áirítear an intleacht shaorga Rialachán (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir don Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga][31]. Dá bhrí sin, ***ba*** cheart ***go gcomhlíonfadh na bréagáin sin caighdeáin sábháilteachta, slándála agus príobháideachais trí dhearadh. Ba cheart déileáil le*** ceanglais sábháilteachta ***ar leith*** maidir leis an gcibearshlándáil, cosaint sonraí pearsanta agus ***príobháideachas nó*** guaiseacha eile a eascraíonn as ionchorprú na hintleachta saorga i mbréagáin ***laistigh den reachtaíocht shonrach.*** |

***sláinte shíceolaíoch agus mheabhrach leanaí, chomh maith le folláine agus forbairt chognaíoch leanaí.***

___________________

[30] Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

[31] Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

___________________

[30] Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

[31] Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(14a) Faoi Rialachán (AE).../... [IO cuir isteach an tsraithuimhir don Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga], bréagáin ina bhfuil córais intleachta saorga mar chomhpháirteanna sábháilteachta, meastar gur IS ardriosca iad. Thairis sin, faoin nGníomh um an gCibear-Athléimneacht, meastar gur táirgí tábhachtacha a bhfuil gnéithe digiteacha acu (Aicme I) iad bréagáin atá nasctha leis an idirlíon a bhfuil gnéithe idirghníomhacha sóisialta acu (e.g. labhairt nó scannánú) nó a bhfuil gnéithe rianaithe suímh acu. Ar bhonn na*** |

| | |
|---|---|
| | ***Rialachán sin, is gá measúnú comhréireachta tríú páirtí a dhéanamh ar bhréagáin den sórt sin, ach amháin má tá caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha curtha i bhfeidhm ag an monaróir.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14b) Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú sábháilteachta an riosca don tsláinte a bhaineann le bréagáin atá nasctha go digiteach, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear aon riosca don mheabhairshláinte. Dá bhrí sin, agus measúnú á dhéanamh ar shábháilteacht bréagán atá nasctha go digiteach ar dócha go mbeidh tionchar acu ar leanaí, ba cheart do mhonaróirí a áirithiú go gcomhlíonann na táirgí a chuireann siad ar fáil ar an margadh na caighdeáin is airde sábháilteachta, slándála agus príobháideachais trí dhearadh, ar mhaithe le leas leanaí.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ba cheart go gcomhlíonfadh bréagáin ceanglais fhisiceacha agus | (15) Ba cheart go gcomhlíonfadh bréagáin ceanglais fhisiceacha agus |

mheicniúla a chuireann cosc ar leanaí gortú fisiciúil a fháil agus iad ag súgradh le bréagáin agus níor cheart go mbeadh baol tachta ná plúchta ann do leanaí. ***D'fhonn*** leanaí a chosaint ar bhaol na héisteachta lagaithe, ba cheart ***luachanna uasta*** a leagan amach ***maidir le*** torann tuairte agus torann leanúnach a astaíonn bréagáin ***araon***. Bréagáin nó a bpáirteanna agus a bpacáistíocht ar féidir coinne a bheith leis go réasúnach go mbeidh siad i dtadhall le bia nó go n- aistreoidh siad a gcomhdhamhnaí chuig bia faoi ghnáthdhálaí úsáide nó faoi dhálaí úsáide intuartha, beidh siad faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] . Ina theannta sin, is iomchuí ceanglais shonracha sábháilteachta a leagan síos chun an ghuais shonrach a d'fhéadfadh a bheith ag baint le bréagáin i mbia a chumhdach, ós rud é go bhféadfadh an bhaint idir bréagán agus bia a bheith ina cúis le riosca tachta atá éagsúil leis na rioscaí a bhaineann leis an mbréagán amháin agus nach gcumhdaítear, dá bhrí sin, le haon bheart sonrach ar leibhéal an Aontais. Ba cheart go n-áiritheofar le bréagáin cosaint leordhóthanach a mhéid a bhaineann le hinadhainteacht nó airíonna leictreacha, go háirithe chun dónna nó turraingí leictreacha a chosc. Thairis sin, ba cheart go gcomhlíonfadh bréagáin caighdeáin sláinteachais áirithe chun rioscaí micribhitheolaíocha nó rioscaí eile ionfhabhtaithe nó éillithe a sheachaint.

___________________

[32] Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus le hearraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia, agus lena n-aisghairtear Treoir 80/590/CEE agus Treoir

mheicniúla a chuireann cosc ar leanaí gortú fisiciúil a fháil agus iad ag súgradh le bréagáin agus níor cheart go mbeadh baol tachta ná plúchta ann do leanaí. ***Chun*** leanaí a chosaint ar bhaol na héisteachta lagaithe, ba cheart ***uasluachanna*** a leagan amach ***agus aird á tabhairt ar staidéir agus ar mholtaí ó shaineolaithe leighis don*** torann tuairte agus ***don*** torann leanúnach a astaíonn bréagáin ***atá ceaptha chun fuaim a astú***. Bréagáin nó a bpáirteanna agus a bpacáistíocht ar féidir coinne a bheith leis go réasúnach go mbeidh siad i dtadhall le bia nó go n- aistreoidh siad a gcomhdhamhnaí chuig bia faoi ghnáthdhálaí úsáide nó faoi dhálaí úsáide intuartha, beidh siad faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] . Ina theannta sin, is iomchuí ceanglais shonracha sábháilteachta a leagan síos chun an ghuais shonrach a d'fhéadfadh a bheith ag baint le bréagáin i mbia a chumhdach, ós rud é go bhféadfadh an bhaint idir bréagán agus bia a bheith ina cúis le riosca tachta atá éagsúil leis na rioscaí a bhaineann leis an mbréagán amháin agus nach gcumhdaítear, dá bhrí sin, le haon bheart sonrach ar leibhéal an Aontais. Ba cheart go n-áiritheofar le bréagáin cosaint leordhóthanach a mhéid a bhaineann le hinadhainteacht nó airíonna leictreacha, go háirithe chun dónna nó turraingí leictreacha a chosc. Thairis sin, ba cheart go gcomhlíonfadh bréagáin caighdeáin sláinteachais áirithe chun rioscaí micribhitheolaíocha nó rioscaí eile ionfhabhtaithe nó éillithe a sheachaint.

___________________

[32] Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus le hearraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia, agus lena n-aisghairtear Treoir 80/590/CEE agus Treoir

| | |
|---|---|
| 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lch. 4). | 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lch. 4). |

**Leasú 7**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ceimiceáin a aicmítear mar cheimiceáin atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (substaintí CMR), ceimiceáin a mbíonn tionchar acu ar an gcóras inchríneach, ar an gcóras riospráide nó atá tocsaineach d'orgán ***sonrach***, tá siad ***thar a bheith*** díobhálach do leanaí agus ba cheart aghaidh a thabhairt orthu go sonrach i mbréagáin. I bhfianaise an róil ríthábhachtaigh atá ag an gcóras inchríneach le linn fhorbairt an duine, is féidir le nochtadh luath do shuaiteoirí inchríneacha le linn tréimhsí criticiúla, amhail luath-óige, a bheith ina chúis le héifeachtaí díobhálacha fiú ag dáileoga an-íseal agus is féidir tionchar a bheith aige ar an tsláinte ag céim níos déanaí den saol. Is féidir le híogróirí riospráide a bheith ina gcúis le méadú ar asma óige agus tá substaintí néarthocsaineacha go háirithe díobhálach d'inchinn leanaí atá i mbéal forbartha, atá níos leochailí ó thaobh gortú tocsaineach ná inchinn an duine fásta. Ba cheart go mbeadh leanaí cosanta go hoiriúnach freisin ar shubstaintí ailléirgineacha agus ar mhiotail áirithe. Ní mór na ceanglais maidir le substaintí ceimiceacha a leagtar amach i dTreoir 2009/48/CE a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú. Comhlíonfaidh bréagáin an reachtaíocht ghinearálta maidir le ceimiceáin, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***. D'fhonn cosaint bhreise a thabhairt do leanaí, ar grúpa leochaileach tomhaltóirí iad, agus do dhaoine eile, ba | (16) Ceimiceáin a aicmítear mar cheimiceáin atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (substaintí CMR), ceimiceáin a mbíonn tionchar acu ar an gcóras inchríneach, ar an gcóras riospráide nó atá tocsaineach d'orgán ***ar leith nó atá soghluaiste***, ***marthanach, bithbhailithe agus tocsaineach,*** tá siad díobhálach ***go háirithe*** do leanaí agus ***don chomhshaol agus*** ba cheart aghaidh a thabhairt orthu go sonrach i mbréagáin. I bhfianaise an róil ríthábhachtaigh atá ag an gcóras inchríneach le linn fhorbairt an duine, is féidir le nochtadh luath do shuaiteoirí inchríneacha le linn tréimhsí criticiúla, amhail luath-óige, a bheith ina chúis le héifeachtaí díobhálacha fiú ag dáileoga an-íseal agus is féidir tionchar a bheith aige ar an tsláinte ag céim níos déanaí den saol. Is féidir le híogróirí riospráide a bheith ina gcúis le méadú ar asma óige agus tá substaintí néarthocsaineacha go háirithe díobhálach d'inchinn leanaí atá i mbéal forbartha, atá níos leochailí ó thaobh gortú tocsaineach ná inchinn an duine fásta. ***Bíonn nochtadh leanúnach mar thoradh ar mharthanacht agus bithbhailiú agus, dá bhrí sin, cuireann sé leis an riosca go mbeidh éifeachtaí díobhálacha ann. Tá roinnt ceimiceán tocsaineach soghluaiste sa chomhshaol freisin.*** Ba cheart go mbeadh leanaí cosanta go hoiriúnach freisin ar shubstaintí ailléirgineacha agus ar mhiotail áirithe. Ní mór na ceanglais maidir le substaintí ceimiceacha a leagtar amach i dTreoir 2009/48/CE a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú. |

cheart an creat dlíthiúil sin a fhorlíonadh le toirmisc chineálacha i mbréagáin lena gcumhdaítear ceimiceáin ghuaiseacha áirithe, mar a aicmítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[33] . Ba cheart feidhm a bheith ag na toirmisc chineálacha sin maidir le substaintí CMR, suaiteoirí inchríneacha, íogróirí riospráide agus substaintí atá dírithe ar orgán ***sonrach***, a ***luaithe a aicmítear na substaintí sin mar shubstaintí guaiseacha*** faoi Rialachán (CE) Uimh. ***1272/2008***[34]. Chun sábháilteacht bréagán a áirithiú, ba cheart go mbeadh substaintí toirmiscthe inghlactha ar rianleibhéil, ach sin sa chás amháin nach féidir a sheachaint ó thaobh na teicneolaíochta de go bhfuil siad i láthair ar na leibhéil sin le dea-chleachtais mhonaraíochta agus má tá an bréagán sábháilte.

[33] Rialachán (CE) Uimh. ***1272/2008*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***16 Nollaig 2008*** maidir le ***haicmiú, lipéadú*** agus ***pacáistiú substaintí agus meascán***, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ***Treoir 67/548/CEE*** agus ***Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear*** Rialachán (CE) Uimh. ***1907/2006 (IO L 353***, ***31.12.2008,*** lch. 1).

[34] Rialachán (CE) Uimh. ***1907/2006*** ó

Comhlíonfaidh bréagáin an reachtaíocht ghinearálta maidir le ceimiceáin, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[33]. D'fhonn cosaint bhreise a thabhairt do leanaí, ar grúpa leochaileach tomhaltóirí iad, agus do dhaoine eile, ba cheart an creat dlíthiúil sin a fhorlíonadh le toirmisc chineálacha i mbréagáin lena gcumhdaítear ceimiceáin ghuaiseacha áirithe, mar a aicmítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[34] . Ba cheart feidhm a bheith ag na toirmisc chineálacha sin maidir le substaintí CMR, suaiteoirí inchríneacha ***do shláinte an duine agus don chomhshaol***, íogróirí riospráide agus substaintí atá dírithe ar orgán ***ar leith nó atá soghluaiste***, ***marthanach, bithbhailithe agus tocsaineach agus*** a ***chomhlíonann na critéir maidir le haicmiú nó atá aicmithe mar ghuaiseach*** faoi Rialachán (CE) Uimh. ***1272/2008***. Chun sábháilteacht bréagán a áirithiú, ba cheart go mbeadh substaintí toirmiscthe inghlactha ar rianleibhéil, ach sin sa chás amháin nach féidir a sheachaint ó thaobh na teicneolaíochta de go bhfuil siad i láthair ar na leibhéil sin le dea-chleachtais mhonaraíochta agus má tá an bréagán sábháilte.

[33] Rialachán (CE) Uimh. ***1907/2006*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***18 Nollaig 2006*** maidir le ***Clárú, Meastóireacht, Údarú*** agus ***Srianadh Ceimiceán (REACH)***, lena ***mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena*** leasaítear ***Treoir 1999/45/CE*** agus lena n-aisghairtear ***Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle*** agus Rialachán (CE) Uimh. ***1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE***, ***93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006,*** lch. 1).

[34] Rialachán (CE) Uimh. ***1272/2008*** ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***18 Nollaig 2006*** maidir le ***Clárú, Meastóireacht, Údarú*** agus ***Srianadh Ceimiceán (REACH)***, lena ***mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena*** leasaítear ***Treoir 1999/45/CE*** agus lena n-aisghairtear ***Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle*** agus Rialachán (CE) Uimh. ***1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE***, ***93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006,*** lch. 1).

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***16 Nollaig 2008*** maidir le ***haicmiú, lipéadú*** agus ***pacáistiú substaintí agus meascán***, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ***Treoir 67/548/CEE*** agus ***Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear*** Rialachán (CE) Uimh. ***1907/2006 (IO L 353***, ***31.12.2008,*** lch. 1).

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) ***D'fhonn foráil a dhéanamh maidir le solúbthacht i gcás nach gcuirtear sábháilteacht leanaí i mbaol agus i gcás inar gá bréagáin áirithe a chur*** ar fáil ***ar an margadh, ba cheart*** a bheith in ann ***maolú*** a dhéanamh ar na toirmisc chineálacha ar shubstaintí ***ceimiceacha*** i mbréagáin. Ba cheart feidhm ghinearálta a bheith ag ***maoluithe ar*** thoirmisc chineálacha lena gceadaítear substaintí toirmiscthe a úsáid agus níor cheart iad a bheith indéanta ach amháin i gcás ina meastar go bhfuil úsáid na substainte ábhartha sábháilte do leanaí, i gcás nach bhfuil aon rogha mhalartach inmharthana ***ó thaobh tráchtála de*** ann don tsubstaint agus i gcás nach bhfuil toirmeasc ar úsáid na substainte in earraí tomhaltais faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Ba cheart do na coistí eolaíocha ábhartha sa Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) measúnú a dhéanamh ar ***shábháilteacht na*** substainte ***i mbréagáin*** d'fhonn comhsheasmhacht agus úsáid éifeachtúil acmhainní a áirithiú agus measúnú á dhéanamh ar shubstaintí | (17) I gcás nach gcuirtear sábháilteacht leanaí i mbaol agus ***nach bhfuil aon substaintí nó meascáin mhalartacha oiriúnacha ar fáil, d'fhéadfaí*** substaintí ***agus meascáin*** i mbréagáin a dhíolmhú ó na toirmisc chineálacha. Ba cheart ***teorainn ama*** a bheith le ***díolúintí ó*** thoirmisc chineálacha lena gceadaítear substaintí ***agus meascáin*** thoirmiscthe a úsáid, ba cheart iad a bheith infheidhme go ginearálta agus níor cheart iad a bheith indéanta ach amháin i gcás ina meastar go bhfuil úsáid na substainte ábhartha ***nó na meascán*** ábhartha sábháilte do leanaí, i gcás ***nach bhfuil sé indéanta go teicniúil substaintí toirmiscthe den sórt sin a dhíothú nó a ionadú trí athruithe deartha nó ábhair nó comhábhair eile, i gcás*** nach bhfuil aon roghanna malartacha atá inmharthana ***go teicniúil*** ann maidir leis an tsubstaint ***nó meascán, i gcás inar cuireadh isteach plean ionadaíochta arna iarraidh sin don ECHA*** agus i gcás nach bhfuil toirmeasc ar úsáid na substainte ***nó an mheascáin*** in earraí tomhaltais faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Ba cheart do na coistí eolaíocha ábhartha sa |

***ceimiceacha*** san Aontas.

Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) measúnú a dhéanamh ar an tsubstaint ***sin*** chun a áirithiú go mbainfear úsáid chomhsheasmhach agus éifeachtúil as acmhainní agus substaintí ***agus meascáin*** á measúnú san Aontas.

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ós rud é go rialaítear ceallraí le Rialachán (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir don Rialachán maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola][35] , níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais maidir le substaintí ceimiceacha i mbréagáin maidir leis na ceallraí a áirítear i mbréagáin. Mar sin féin, ba cheart bréagáin lena n-áirítear ceallraí a dhearadh sa chaoi go mbeidh sé deacair do leanaí rochtain a fháil ar na ceallraí. | (20) Ós rud é go rialaítear ceallraí le Rialachán (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir don Rialachán maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola][35] , níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais maidir le substaintí ceimiceacha i mbréagáin maidir leis na ceallraí a áirítear i mbréagáin. Mar sin féin, ba cheart bréagáin lena n-áirítear ceallraí a dhearadh sa chaoi go mbeidh sé deacair do leanaí rochtain a fháil ar na ceallraí. ***I gcásanna nach bhféadfaí an bréagán a dhearadh, mar gheall ar chineál, méid nó foirm na bréagán, nó na leictreonaice beag laistigh, ar bhealach ina mbeadh an ceallra inmheánach inbhainte agus in-athsholáthraithe ag an úsáideoir deiridh agus ag an am céanna sábháilteacht an linbh agus úsáid leanúnach shábháilte an bhréagáin a áirithiú, d'fhéadfaí an bréagán a dhearadh sa chaoi go mbeadh an ceallra inbhainte agus in-athsholáthraithe ag oibreoirí neamhspleácha.*** |

[35] Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach sa

[35] Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach sa

| | |
|---|---|
| téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin …. agus cuir isteach san fhonóta uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin. | téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin …. agus cuir isteach san fhonóta uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin. |

**Leasú 248**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Léiríodh gurb iomchuí iad na teorainnluachanna atá ann cheana le haghaidh substaintí ceimiceacha áirithe agus a modhanna tástála comhfhreagracha chun leanaí a chosaint a mhéid a bhaineann leis na substaintí sin agus ba cheart iad a choinneáil ar bun. Chun oiriúnú d'eolas eolaíoch nua, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú na teorainnluachanna sin a athbhreithniú i gcás inar gá. Teorainnluachanna d'arsanaic***, caidmiam, cróimiam VI, luaidhe, mearcair*** agus stán orgánach, atá sách tocsaineach agus nár cheart, dá bhrí sin, a úsáid d'aon ghnó i mbréagáin, ba cheart iad a leagan amach ag leath na luachanna a mheasann an comhlacht eolaíoch ábhartha a bheith sábháilte***,*** chun a áirithiú nach bhfuil ach rianta atá comhoiriúnach le dea-chleachtas monaraíochta sa bhréagán. | (21) Léiríodh gurb iomchuí iad na teorainnluachanna atá ann cheana le haghaidh substaintí ceimiceacha áirithe agus a modhanna tástála comhfhreagracha chun leanaí a chosaint a mhéid a bhaineann leis na substaintí sin agus ba cheart iad a choinneáil ar bun. Chun oiriúnú d'eolas eolaíoch nua, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú na teorainnluachanna sin a athbhreithniú i gcás inar gá ***i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim agus le cur chuige na hAon Sláinte Amháin***. Teorainnluachanna d'arsanaic agus stán orgánach, atá sách tocsaineach agus nár cheart, dá bhrí sin, a úsáid d'aon ghnó i mbréagáin, ba cheart iad a leagan amach ag leath na luachanna a mheasann an comhlacht eolaíoch ábhartha a bheith sábháilte, chun a áirithiú nach bhfuil ach rianta atá comhoiriúnach le dea-chleachtas monaraíochta sa bhréagán. ***Níor cheart úsáid cróimiam VI, caidmiam, mearcair agus luaidhe, eilimintí an-tocsaineacha, a cheadú i mbréagáin, mura féidir a láithreacht a sheachaint go teicniúil faoi dhea-chleachtas monaraíochta agus mura sáraíonn a n-iarmhair teorainn an bhraite san ábhar aonchineálach.*** |

**Leasú 249**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 21 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(21a) Is miotail tocsaineach a tharlaíonn go nádúrtha é luaidhe a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hailse scamhóg, inchinne, ghoile, agus duáin i ndaoine. Is féidir leis dul isteach in uisce óil nuair a bhíonn ábhair phluiméireachta ann ina bhfuil corróid luaidhe iontu, go háirithe i gcás ina bhfuil aigéadacht ard nó cion mianrach íseal ag an uisce a chreimeann píopaí agus daingneáin. Leagtar amach i dTreoir (AE) 2020/2184[1a] forálacha maidir le cion luaidhe in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Dá bhrí sin, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh iarmhair íosta luaidhe a bheith i mbréagáin a tháirgtear le huisce mar gheall ar an uisce a úsáidtear sa phróiseas monaraíochta. Ba cheart a mheas go bhfuil iarmhair den sórt sin dosheachanta go teicniúil faoi dhea-chleachtas monaraíochta i gcás nach féidir iad a dhíothú trí mhodhanna scagtha nó ionsúcháin atá ar fáil.*** |
| | ***[1a] Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (athmhúnlú) IO L 435, 23.12.2020, lgh. 1-62*** |

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(22a) Is fine mhór de níos mó ná 10000 ceimiceán de dhéantús an duine iad*** |

***substaintí sárfhluarailcile agus polafluairailcile (PFASanna). Ó tháinig siad chun cinn go déanach sna 1940idí, baineadh úsáid as PFASanna i réimse táirgí tomhaltais atá ag éirí níos leithne de réir a chéile. Tá baint ag nochtadh do na PFASanna is mó a ndearnadh staidéar orthu le raon éifeachtaí díobhálacha sláinte, lena n-áirítear galar tíoróidigh, damáiste ae, otracht, diaibéiteas agus freagairt laghdaithe ar ghnáthvacsaínithe, chomh maith le riosca méadaithe ailse chíche, duáin agus uiríoch. Níor cheart go mbeadh aon substaintí sárfhluarailcile agus polafluairailcile (PFASanna) i mbréagáin.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) I gcás nach féidir aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ag bréagán trí dhearadh, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an riosca iarmharach le faisnéis a bhaineann le táirge a bheidh dírithe ar mhaoirseoirí na leanaí i bhfoirm rabhadh, agus inniúlacht na maoirseoirí sin na réamhchúraimí is gá a dhéanamh á cur san áireamh. | (24) I gcás nach féidir aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ag bréagán trí dhearadh, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an riosca iarmharach le faisnéis a bhaineann le táirge a bheidh dírithe ar mhaoirseoirí na leanaí i bhfoirm rabhadh, agus inniúlacht na maoirseoirí sin na réamhchúraimí is gá a dhéanamh á cur san áireamh. ***Chun a chinntiú go dtaispeántar an fhaisnéis go héifeachtúil, is féidir leis an monaróir cód QR a chur leis a sholáthraíonn nasc chuig an treoir i bhformáid dhigiteach, ach ba cheart dó rabhaidh a mharcáil ar an mbréagán i gcónaí, ar lipéad greamaithe nó ar an bpacáistíocht.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Chun mí-úsáid rabhadh chun dul timpeall ar na ceanglais sábháilteachta is infheidhme a chosc, níor cheart na rabhaidh a thugtar do chatagóirí áirithe bréagán a cheadú má tá siad i gcoinbhleacht leis an úsáid atá beartaithe don bhréagán. Chun a áirithiú go ***bhfuil*** maoirseoirí ar an eolas faoi aon ***riosca*** a bhaineann leis an mbréagán, is gá a áirithiú go ***bhfuil*** na rabhaidh inléite agus infheicthe. | (25) Chun mí-úsáid rabhadh chun dul timpeall ar na ceanglais sábháilteachta is infheidhme a chosc, níor cheart na rabhaidh a thugtar do chatagóirí áirithe bréagán a cheadú má tá siad i gcoinbhleacht leis an úsáid atá beartaithe don bhréagán. Chun a áirithiú go ***mbeidh*** maoirseoirí ar an eolas faoi aon ***rioscaí*** a bhaineann leis an mbréagán, is gá a áirithiú go ***mbeidh*** na rabhaidh ***intuigthe,*** inléite agus infheicthe ***go soiléir***. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Chun feasacht ar aon rioscaí a bhaineann leis an mbréagán a áirithiú, go háirithe i gcásanna ina ndéantar an ceannach trí chiandíolacháin agus díolacháin ar líne, ba cheart a áirithiú go mbeidh na rabhaidh ar líne soléite agus infheicthe láithreach.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a dhéanann idirghabháil sa slabhra soláthair agus dáilte bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach ***gcuirfidh*** na bréagáin a chuireann siad ar an margadh ***sábháilteacht*** agus ***sláinte*** leanaí ***i mbaol*** faoi ***ghnáthchoinníollacha*** úsáide a ***mbeadh coinne*** réasúnta leo agus nach gcuireann siad ar fáil ar an margadh ach bréagáin a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais. | (32) Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a dhéanann idirghabháil sa slabhra soláthair agus dáilte bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach ***mbeidh rioscaí ag baint leis*** na bréagáin a chuireann siad ar an margadh ***do shábháilteacht*** agus ***do shláinte*** leanaí faoi ***ghnáthdhálaí*** úsáide ***agus faoi dhálaí úsáide*** a ***mbeifí ag súil go*** réasúnta leo***,*** agus nach gcuireann siad ar fáil ar an margadh ach bréagáin a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) ***Maidir le hoibreoirí eacnamaíocha*** a chuireann bréagán ar an margadh faoina ***n-ainm*** nó faoina ***dtrádmharc*** nó a mhodhnaíonn bréagán ar bhealach ***ina bhféadfaí*** difear a dhéanamh do chomhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo ***is infheidhme***, ba cheart ***iad*** a mheas ***mar mhonaróirí*** agus ba cheart ***dóibh*** oibleagáidí ***na monaróirí*** a ghlacadh ***chucu*** féin. | (37) ***Aon duine nádúrtha nó dlítheanach*** a chuireann bréagán ar an margadh faoina ***ainm*** nó faoina ***thrádmharc féin*** nó a mhodhnaíonn bréagán ar bhealach ***a d'fhéadfadh*** difear a dhéanamh do chomhlíonadh cheanglais ***infheidhme*** an Rialacháin seo, ba cheart a mheas ***gur monaróir é chun críocha an Rialacháin seo*** agus ba cheart ***dó*** oibleagáidí ***an mhonaróra*** a ghlacadh ***chuige*** féin. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 37 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37a) Tá ról ríthábhachtach ag margaí ar líne sa slabhra soláthair, rud a fhágann gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha dul i dteagmháil le líon mór custaiméirí. I bhfianaise an róil thábhachtaigh atá acu maidir le hidirmheánú a dhéanamh ar dhíol bréagán idir oibreoirí eacnamaíocha agus custaiméirí, ba cheart do mhargaí ar líne freagracht a ghlacadh as aghaidh a thabhairt ar dhíol bréagán nach gcomhlíonann an Rialachán seo agus ba cheart dóibh comhoibriú leis na húdaráis faireachais margaidh. Le Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, soláthraítear an creat ginearálta le haghaidh ríomhthráchtála agus leagtar síos oibleagáidí áirithe le haghaidh ardáin ar líne. Le Rialachán (AE) 2022/2065 rialaítear freagracht agus cuntasacht soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ar líne maidir le hábhar neamhdhleathach, lena n-áirítear táirgí nach gcomhlíonann an Rialachán seo.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) ***Cuidíonn*** áirithiú ***na hinrianaitheachta bréagáin*** ar fud an tslabhra soláthair ***iomláin chun an*** faireachas margaidh a dhéanamh níos simplí agus níos éifeachtúla. Le córas éifeachtúil inrianaitheachta, éascaítear cúram na n-údarás um fhaireachas | (38) ***Trí inrianaitheacht bréagán a*** áirithiú ar fud an tslabhra soláthair ***ina iomláine, i gcomhréir le Rialachán 2023/988, cuidítear le*** faireachas margaidh a dhéanamh níos simplí agus níos éifeachtúla. Le córas éifeachtúil inrianaitheachta, éascaítear cúram na n- |

margaidh rianú a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a chuir bréagáin neamhchomhlíontacha ar fáil ar an margadh.

údarás um fhaireachas margaidh rianú a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a chuir bréagáin neamhchomhlíontacha ar fáil ar an margadh.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) ***D'fhonn*** an measúnú ar chomhréireacht le ceanglais an Rialacháin seo a éascú, is gá foráil a dhéanamh maidir le toimhde comhréireachta ***i gcás bréagáin*** atá i gcomhréir ***le*** caighdeáin chomhchuibhithe a ghlactar i gcomhréir le ***Rialachán*** (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36] agus a fhoilsítear in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. | (39) ***Chun*** an measúnú ar chomhréireacht le ceanglais an Rialacháin seo a éascú, is gá foráil a dhéanamh maidir le toimhde comhréireachta ***le haghaidh bréagán*** atá i gcomhréir ***leis na*** caighdeáin chomhchuibhithe ***is infheidhme*** a ghlactar i gcomhréir le ***Rialachán*** (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36] agus a fhoilsítear in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. |
| __________________ | __________________ |
| [36] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12). | [36] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12). |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (40) In éagmais caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú gníomhartha ***cur chun feidhme*** a ghlacadh lena ***leagtar*** amach ***sonraíochtaí coiteanna le haghaidh cheanglais fhíor-riachtanacha*** an Rialacháin seo, ar choinníoll go n-urramaítear leo, agus an méid sin á dhéanamh aige, ról agus feidhmeanna na n-eagraíochtaí um chaighdeánú, mar réiteach cúltaca eisceachtúil chun éascú a dhéanamh ar oibleagáid an mhonaróra na ceanglais ***fhíor-riachtanacha*** a chomhlíonadh, nuair a bhíonn bac ar an bpróiseas caighdeánaithe nó nuair a bhíonn moill ar bhunú na gcaighdeán comhchuibhithe iomchuí. | (40) In éagmais caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú gníomhartha ***tarmligthe*** a ghlacadh lena ***bhforlíontar an Rialachán seo trí shonraíochtaí coiteanna a leagan*** amach ***maidir le ceanglais riachtanacha sábháilteachta*** an Rialacháin seo, ar choinníoll go n-urramaítear leo, agus an méid sin á dhéanamh aige, ról agus feidhmeanna na n-eagraíochtaí um chaighdeánú, mar réiteach cúltaca eisceachtúil chun éascú a dhéanamh ar oibleagáid an mhonaróra na ceanglais ***riachtanacha*** a chomhlíonadh, nuair a bhíonn bac ar an bpróiseas caighdeánaithe nó nuair a bhíonn moill ar bhunú na gcaighdeán comhchuibhithe iomchuí. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (42) Ba cheart do mhonaróirí pas táirge a chruthú chun faisnéis a sholáthar maidir le comhlíonadh bréagán leis an Rialachán seo agus le haon reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le bréagáin. Ba cheart ***go gcuirfí*** an pas táirge in ionad dhearbhú comhréireachta an Aontais faoi ***Threoir 2009/48/CE*** agus ba cheart ***go n-áireofaí*** ann na heilimintí is gá chun | (42) Ba cheart do mhonaróirí pas táirge ***digieach*** a chruthú chun faisnéis a sholáthar maidir le comhlíonadh bréagán leis an Rialachán seo agus le haon reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le bréagáin. Ba cheart ***dóibh*** an pas táirge ***digiteach a choinneáil cothrom le dáta de réir iarrachtaí réasúnta is fearr agus aon athrú is gá a*** |

| | |
|---|---|
| measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an bhréagáin leis na ceanglais ***is infheidhme*** agus ***leis*** na caighdeáin chomhchuibhithe nó le sonraíochtaí eile. Chun seiceálacha ag údaráis ***um fhaireachas*** margaidh ***ar bhréagáin*** a éascú agus chun ligean do na gníomhaithe sa slabhra soláthair agus do thomhaltóirí rochtain a fháil ar fhaisnéis ***faoin*** mbréagán, ba cheart an fhaisnéis ar an bpas táirge a sholáthar go digiteach agus ar bhealach ***atá inrochtana go díreach***, trí iompróir sonraí atá greamaithe den bhréagán, ***dá bpacáistiú nó de na doiciméid*** a ghabhann leis. Ba cheart ***go mbeadh*** rochtain láithreach ag údaráis um ***fhaireachas*** margaidh, ag údaráis chustaim, ag oibreoirí eacnamaíocha agus ag tomhaltóirí ar an bhfaisnéis ***faoin*** mbréagán tríd an iompróir sonraí. | ***dhéanamh nuair is gá. Ba cheart an pas táirge digiteach a chur*** in ionad dhearbhú comhréireachta an Aontais faoi ***Threoir 2009/48/CE, faoi Threoir 2014/53/AE*** agus ***faoi aon reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le bréagáin.*** Ba cheart ***a áireamh*** ann ***freisin*** na heilimintí is gá chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an bhréagáin leis na ceanglais agus na caighdeáin chomhchuibhithe ***is infheidhme*** nó le sonraíochtaí ***nó eilimintí*** eile. Chun seiceálacha ***ar bhréagáin*** ag údaráis ***faireachais*** margaidh a éascú agus chun ligean do na gníomhaithe sa slabhra soláthair agus do thomhaltóirí rochtain a fháil ar fhaisnéis ***ar an*** mbréagán ***agus ar bhealaí cumarsáide***, ba cheart an fhaisnéis ar an bpas táirge ***digiteach*** a sholáthar go digiteach agus ar bhealach ***a bhfuil rochtain dhíreach air***, trí iompróir sonraí atá greamaithe den bhréagán, a ***phacáistíocht nó an doiciméadacht a*** ghabhann leis. ***Ag brath ar chearta rochtana,*** ba cheart rochtain láithreach ***a bheith*** ag údaráis um ***fhaireachais*** margaidh, ag údaráis chustaim, ag oibreoirí eacnamaíocha agus ag tomhaltóirí ar an bhfaisnéis ***faoi seach maidir leis an*** mbréagán tríd an iompróir sonraí. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Chun dúbailt na hinfheistíochta sa digitiú ó na gníomhaithe uile lena mbaineann a sheachaint, lena n-áirítear monaróirí, údaráis um fhaireachas | (43) Chun dúbailt na hinfheistíochta sa digitiú ó na gníomhaithe uile lena mbaineann a sheachaint, lena n-áirítear monaróirí, údaráis um fhaireachas |

| | |
|---|---|
| margaidh agus údaráis chustaim, nuair a cheanglaítear le reachtaíocht eile de chuid an Aontais pas táirge le haghaidh bréagán, ba cheart pas táirge aonair a bheith ar fáil ina mbeadh an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo agus faoi reachtaíocht eile an Aontais. Ba cheart ***don phas*** táirge ***a bheith idir-inoibritheach*** go hiomlán le haon phas táirge a cheanglaítear faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais. | margaidh agus údaráis chustaim, nuair a cheanglaítear le reachtaíocht eile de chuid an Aontais pas táirge le haghaidh bréagán, ba cheart pas táirge aonair a bheith ar fáil ina mbeadh an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo agus faoi reachtaíocht eile an Aontais. ***Ina theannta sin,*** ba cheart ***go mbeadh an pas*** táirge ***digiteach*** go hiomlán ***idir-inoibritheach*** le haon phas táirge a cheanglaítear faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Go háirithe, le Rialachán (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir don Rialachán maidir le ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí inbhuanaithe] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37], leagtar síos ceanglais agus sonraíochtaí teicniúla freisin le haghaidh pas táirge, chun clárlann lárnach de chuid an Choimisiúin a bhunú ina ndéantar faisnéis faoi phasanna a stóráil agus ina mbíonn idirnasc idir an chlárlann sin agus na córais TF custaim. Féadfar bréagáin laistigh dá raon feidhme a áireamh sa Rialachán sin sa mheántéarma, rud lena gceanglófaí dá bhrí sin pas táirge a chur ar fáil le haghaidh bréagán. Dá bhrí sin, ba cheart ***gurbh fhéidir*** faisnéis níos beaichte a áireamh sa phas táirge ***amach anseo, go háirithe faisnéis a bhaineann le hinbhuaine comhshaoil, amhail lorg comhshaoil táirge, faisnéis atá úsáideach chun críocha athchúrsála, ábhar athchúrsáilte ábhair áirithe, faisnéis faoin slabhra*** | (44) Go háirithe, le Rialachán (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir don Rialachán maidir le ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí inbhuanaithe] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37], leagtar síos ceanglais agus sonraíochtaí teicniúla freisin le haghaidh pas táirge ***digiteach***, chun clárlann lárnach de chuid an Choimisiúin a bhunú ina ndéantar faisnéis faoi phasanna a stóráil agus ina mbíonn idirnasc idir an chlárlann sin agus na córais TF custaim. Féadfar bréagáin laistigh dá raon feidhme a áireamh sa Rialachán sin sa mheántéarma, rud lena gceanglófaí dá bhrí sin pas táirge ***digiteach*** a chur ar fáil le haghaidh bréagán. Dá bhrí sin, ba cheart ***é a bheith indéanta amach anseo*** faisnéis níos beaichte a áireamh sa phas táirge ***digiteach. Dá bhrí sin,*** ba cheart don phas táirge ***digiteach*** le haghaidh bréagán ***a chruthaítear*** faoin Rialachán seo na ceanglais agus na ***heilimintí*** teicniúla ***céanna*** a chomhlíonadh ***agus*** a leagtar |

***soláthair, agus faisnéis chomhchosúil eile.*** Ba cheart don phas táirge le haghaidh bréagán ***arna chruthú*** faoin Rialachán seo na ceanglais ***chéanna*** agus na ***gnéithe*** teicniúla a chomhlíonadh ***leo siúd*** a leagtar amach i ***Rialachán*** (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán***,*** cuir isteach sraithuimhir don Rialachán maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe], lena n-áirítear gnéithe teicniúla, séimeantacha agus eagraíochtúla ***na cumarsáide*** ó cheann ceann agus ***an mhalartaithe*** sonraí.

amach i ***Rialachán*** (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach sraithuimhir don Rialachán maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe], lena n-áirítear ***na*** gnéithe teicniúla, séimeantacha agus eagraíochtúla ***a bhaineann le cumarsáid*** ó cheann ***go*** ceann agus ***le malartú*** sonraí.

___________________

[37] Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú maidir le táirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE… agus cuir isteach san fhonóta uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin.

___________________

[37] Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú maidir le táirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE… agus cuir isteach san fhonóta uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin.

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Ós rud é go bhfuil an pas táirge le cur in ionad dhearbhú comhréireachta an Aontais, tá sé ríthábhachtach go mbeadh sé soiléir, trí phas táirge le haghaidh bréagán a chruthú agus tríd an marcáil CE a ghreamú díobh, go ndearbhaíonn an monaróir go bhfuil an bréagán i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo agus go nglacann an monaróir freagracht iomlán astu. | (45) Ós rud é go bhfuil an pas táirge ***digiteach*** le cur in ionad dhearbhú comhréireachta an Aontais, tá sé ríthábhachtach go mbeadh sé soiléir, trí phas táirge ***digiteach*** le haghaidh bréagán a chruthú agus tríd an marcáil CE a ghreamú díobh, go ndearbhaíonn an monaróir go bhfuil an bréagán i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo agus go nglacann an monaróir freagracht iomlán astu. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) I gcás ina soláthraítear faisnéis eile seachas na heilimintí atá riachtanach don phas táirge go digiteach, is gá a shoiléiriú gur gá na cineálacha difriúla faisnéise a sholáthar ar leithligh agus iad a idirdhealú go soiléir óna chéile ach trí mheán iompróirí sonraí aonair. Éascófar leis sin obair na n-údarás um fhaireachas margaidh ach soláthrófar leis freisin soiléireacht do thomhaltóirí maidir leis na cineálacha difriúla faisnéise atá ar fáil dóibh i bhformáid dhigiteach. | (46) I gcás ina soláthraítear faisnéis eile seachas na heilimintí atá riachtanach don phas táirge ***digiteach*** go digiteach, is gá a shoiléiriú gur gá na cineálacha difriúla faisnéise a sholáthar ar leithligh agus iad a idirdhealú go soiléir óna chéile ach trí mheán iompróirí sonraí aonair. Éascófar leis sin obair na n-údarás um fhaireachas margaidh ach soláthrófar leis freisin soiléireacht do thomhaltóirí maidir leis na cineálacha difriúla faisnéise atá ar fáil dóibh i bhformáid dhigiteach. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(46a) Is micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide (FBManna) iad formhór na monaróirí bréagán atá faoi réir cheanglais an Rialacháin seo, a bhfuil dúshlán suntasach ó thaobh an riaracháin agus na hoibríochta de ag baint le pas táirge digiteach a tharraingt suas ina leith. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún tacaíocht bhreise a chur ar fáil do FBManna chun cabhrú leo na ceanglais nua a leagtar amach sa*** |

| | |
|---|---|
| | ***Rialachán seo a chomhlíonadh. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún treoirlínte praiticiúla agus treoir shaincheaptha a fhoilsiú do FBManna. Go háirithe, ba cheart bealach díreach cumarsáide le saineolaithe a chur ar bun chun cabhrú leo measúnuithe sábháilteachta a dhéanamh agus chun pas táirge digiteach a bhunú le haghaidh na mbréagán a tháirgeann siad.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Sa bhreis ar chreat na rialuithe a bhunaítear le Caibidil VII de Rialachán (AE) 2019/1020, ba cheart do na húdaráis chustaim a bheith in ann a fhíorú go huathoibríoch gur ann do phas táirge le haghaidh bréagáin allmhairithe atá faoi réir an Rialacháin seo chun na rialuithe ag teorainneacha seachtracha an Aontais a neartú agus chun cosc a chur le bréagáin neamhchomhlíontacha teacht isteach i margadh an Aontais. | (48) Sa bhreis ar chreat na rialuithe a bhunaítear le Caibidil VII de Rialachán (AE) 2019/1020, ba cheart do na húdaráis chustaim a bheith in ann a fhíorú go huathoibríoch gur ann do phas táirge ***digiteach*** le haghaidh bréagáin allmhairithe atá faoi réir an Rialacháin seo chun na rialuithe ag teorainneacha seachtracha an Aontais a neartú agus chun cosc a chur le bréagáin neamhchomhlíontacha teacht isteach i margadh an Aontais. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (49) Nuair a chuirtear bréagáin ó thríú tíortha faoin nós imeachta custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht, ba cheart don oibreoir eacnamaíoch an tagairt do phas táirge le haghaidh na mbréagán sin a chur ar fáil do na húdaráis chustaim. Ba cheart go mbeadh an tagairt don phas táirge ag comhfhreagairt d'aitheantóir uathúil táirge a stóráiltear i gclárlann le haghaidh pasanna táirge arna bhunú faoi Airteagal 12 de [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir do Rialachán (AE).../... maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe] (an 'chlárlann'). Ba cheart d'údaráis chustaim fíorú uathoibríoch a dhéanamh ar an bpas táirge a thíolactar don bhréagán sin, chun a áirithiú nach scaoilfear i saorchúrsaíocht ach amháin bréagáin a bhfuil tagairt bhailí acu d'aitheantóir uathúil táirge mar a áirítear sa chlárlann. Chun an fíorú uathoibríoch sin a dhéanamh, ba cheart an t-idirnasc idir an chlárlann agus na córais TF chustaim dá bhforáiltear in [Airteagal 13 de Rialachán (AE).../... maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe] a úsáid. | (49) Nuair a chuirtear bréagáin ó thríú tíortha faoin nós imeachta custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht, ba cheart don oibreoir eacnamaíoch an tagairt do phas táirge ***digiteach*** le haghaidh na mbréagán sin a chur ar fáil do na húdaráis chustaim. Ba cheart go mbeadh an tagairt don phas táirge ***digiteach*** ag comhfhreagairt d'aitheantóir uathúil táirge a stóráiltear i gclárlann le haghaidh pasanna táirge arna bhunú faoi Airteagal 12 de [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir do Rialachán (AE).../... maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe] (an 'chlárlann'). Ba cheart d'údaráis chustaim fíorú uathoibríoch a dhéanamh ar an bpas táirge a thíolactar don bhréagán sin, chun a áirithiú nach scaoilfear i saorchúrsaíocht ach amháin bréagáin a bhfuil tagairt bhailí acu d'aitheantóir uathúil táirge mar a áirítear sa chlárlann. Chun an fíorú uathoibríoch sin a dhéanamh, ba cheart an t-idirnasc idir an chlárlann agus na córais TF chustaim dá bhforáiltear in [Airteagal 13 de Rialachán (AE).../... maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe] a úsáid. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) Leis an bhfaisnéis atá sa phas táirge, ceadaítear do na húdaráis chustaim bainistíocht riosca a shaibhriú agus a éascú agus déantar rialuithe níos spriocdhírithe ag teorainneacha seachtracha an Aontais a chumasú. Dá bhrí sin, ba cheart go | (51) Leis an bhfaisnéis atá sa phas táirge ***digiteach***, ceadaítear do na húdaráis chustaim bainistíocht riosca a shaibhriú agus a éascú agus déantar rialuithe níos spriocdhírithe ag teorainneacha seachtracha an Aontais a chumasú. Dá bhrí |

mbeadh an deis ag na húdaráis chustaim an fhaisnéis a chuimsítear sa phas táirge agus sa chlárlann a aisghabháil agus a úsáid chun a gcúraimí a dhéanamh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear bainistíocht riosca i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

sin, ba cheart go mbeadh an deis ag na húdaráis chustaim an fhaisnéis a chuimsítear sa phas táirge ***digiteach*** agus sa chlárlann a aisghabháil agus a úsáid chun a gcúraimí a dhéanamh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear bainistíocht riosca i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le foilsiú fógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh a léiríonn an dáta a thiocfaidh an t- idirnasc idir an chlárlann agus Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail an Aontais maidir le Custam dá dtagraítear in Airteagal 13 de [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir do Rialachán (AE).../... maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta do Tháirgí Inbhuanaithe] i bhfeidhm chun rochtain phoiblí ar an bhfaisnéis sin a éascú. | (52) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le foilsiú fógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh a léiríonn an dáta a thiocfaidh an t- idirnasc idir an chlárlann agus Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail an Aontais maidir le Custam dá dtagraítear in Airteagal 13 de [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir do Rialachán (AE).../... maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta do Tháirgí Inbhuanaithe] i bhfeidhm chun rochtain phoiblí ar an bhfaisnéis sin a éascú. ***Ba cheart foilseachán comhchosúil a chur ar fáil i gcás ina dtiocfaidh tuilleadh córas TF custaim de chuid an Aontais i bhfeidhm.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (53) Níor cheart fíorú uathoibríoch na gcustam ar an tagairt do phas táirge le haghaidh bréagán a thagann isteach i margadh an Aontais a chur in ionad fhreagrachtaí na n-údarás um fhaireachas margaidh ná iad a mhodhnú, ach chun creat foriomlán na rialuithe ar tháirgí a thagann isteach i margadh an Aontais a chomhlánú. Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2019/1020 fós maidir le bréagáin chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh seiceálacha ar an bhfaisnéis atá i bpasanna táirgí, seiceálacha ar bhréagáin laistigh den mhargadh i gcomhréir leis an Rialachán sin agus, i gcás ina gcuireann na húdaráis atá ainmnithe chun rialuithe a dhéanamh ag teorainneacha seachtracha an Aontais scaoileadh i saorchúrsaíocht ar fionraí, comhlíontacht agus rioscaí maidir le bréagáin a rialú de bhun Chaibidil VII de Rialachán (AE) 2019/1020. | (53) Níor cheart fíorú uathoibríoch na gcustam ar an tagairt do phas táirge ***digiteach*** le haghaidh bréagán a thagann isteach i margadh an Aontais a chur in ionad fhreagrachtaí na n-údarás um fhaireachas margaidh ná iad a mhodhnú, ach chun creat foriomlán na rialuithe ar tháirgí a thagann isteach i margadh an Aontais a chomhlánú. Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2019/1020 fós maidir le bréagáin chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh seiceálacha ar an bhfaisnéis atá i bpasanna táirgí, seiceálacha ar bhréagáin laistigh den mhargadh i gcomhréir leis an Rialachán sin agus, i gcás ina gcuireann na húdaráis atá ainmnithe chun rialuithe a dhéanamh ag teorainneacha seachtracha an Aontais scaoileadh i saorchúrsaíocht ar fionraí, comhlíontacht agus rioscaí maidir le bréagáin a rialú de bhun Chaibidil VII de Rialachán (AE) 2019/1020. |

**Leasú 250**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| (54) Bíonn leanaí nochta ar bhonn laethúil do réimse leathan ceimiceán difriúil de thionscnamh foinsí éagsúla. Tá dul chun cinn nach beag déanta chun roinnt bearnaí eolais a dhúnadh maidir leis an tionchar atá ag éifeacht chomhcheangailte na gceimiceán sin. Mar sin féin, déantar measúnú ar shábháilteacht ceimiceán de ghnáth trí mheastóireacht a dhéanamh ar shubstaintí aonair agus i gcásanna áirithe ar mheascáin a chuirtear leo d'aon ghnó le haghaidh úsáidí áirithe. D'fhonn an chosaint is airde a thabhairt do leanaí, ba cheart na substaintí is díobhálaí a thoirmeasc go ginearálta i mbréagáin chun a áirithiú nach nochtar iad i mbréagáin. Sna | (54) Nochtar leanaí go laethúil do réimse leathan ceimiceán éagsúil a thagann ó fhoinsí éagsúla ***a mbíonn éifeachtaí diúltacha acu mar shubstaintí nó mar mheascáin aonair, ach freisin trí nochtadh comhcheangailte***. Tá dul chun cinn nach beag déanta chun roinnt bearnaí eolais a dhúnadh maidir leis an tionchar atá ag éifeacht chomhcheangailte na gceimiceán sin. Mar sin féin, déantar measúnú ***faoi láthair*** ar shábháilteacht ceimiceán de ghnáth trí mheastóireacht a dhéanamh ar shubstaintí aonair agus i gcásanna áirithe ar mheascáin a chuirtear leo d'aon ghnó le haghaidh úsáidí áirithe. ***Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun tuiscint*** |

| | |
|---|---|
| teorainnluachanna sonracha do cheimiceáin i mbréagáin, ba cheart a chur san áireamh nochtadh comhcheangailte ó fhoinsí éagsúla don tsubstaint cheimiceach chéanna. Ina theannta sin, ba cheart go gceanglófaí ar mhonaróirí anailís a dhéanamh ar na guaiseacha éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag an mbréagán agus measúnú a dhéanamh ar an nochtadh a d'fhéadfadh a bheith ann do ghuaiseacha den sórt sin agus, mar chuid den mheasúnú ar ghuaiseacha ceimiceacha, iarmhairtí carnacha nó sineirgisteacha aitheanta na gceimiceán atá sa bhréagán a mheas, d'fhonn a áirithiú go gcuirfear rioscaí ó nochtadh comhuaineach do cheimiceáin iolracha san áireamh. Thairis sin, comhlíonfaidh bréagáin an reachtaíocht ghinearálta maidir le ceimiceáin, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; ní mhodhnaítear leis an Rialachán seo na hoibleagáidí maidir le measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht na substaintí ceimiceacha nó na meascán ceimiceach iad féin a d'fhéadfadh a bheith infheidhme i gcomhréir leis an Rialachán sin. | ***níos fearr a fháil ar thionchar chomhéifeacht na gceimiceán.*** Chun an chosaint is airde a thabhairt do leanaí ***agus don chomhshaol i gcoitinne***, ba cheart na substaintí is díobhálaí a thoirmeasc go ginearálta i mbréagáin chun a áirithiú nach nochtar iad i mbréagáin. Sna teorainnluachanna sonracha do cheimiceáin i mbréagáin, ba cheart a chur san áireamh nochtadh comhcheangailte ó fhoinsí éagsúla don tsubstaint cheimiceach chéanna. Ina theannta sin, ba cheart go gceanglófaí ar mhonaróirí anailís a dhéanamh ar na guaiseacha éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag an mbréagán agus measúnú a dhéanamh ar an nochtadh a d'fhéadfadh a bheith ann do ghuaiseacha den sórt sin agus, mar chuid den mheasúnú ar ghuaiseacha ceimiceacha, iarmhairtí carnacha nó sineirgisteacha aitheanta na gceimiceán atá sa bhréagán a mheas, d'fhonn a áirithiú go gcuirfear rioscaí ó nochtadh comhuaineach do cheimiceáin iolracha san áireamh. Thairis sin, comhlíonfaidh bréagáin an reachtaíocht ghinearálta maidir le ceimiceáin, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; ní mhodhnaítear leis an Rialachán seo na hoibleagáidí maidir le measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht na substaintí ceimiceacha nó na meascán ceimiceach iad féin a d'fhéadfadh a bheith infheidhme i gcomhréir leis an Rialachán sin. |

**Leasú 30**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 54 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(54a) Chun saineolas leormhaith, tacaíocht agus meastóireachtaí eolaíocha*** |

***críochnúla a sholáthar, ba cheart cistiú iomchuí cobhsaí a áirithiú don ECHA.***

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (58) Má léiríonn comhlacht um measúnú comhréireachta ***go bhfuil sé i gcomhréir*** leis na critéir a leagtar síos ***sna caighdeáin*** chomhchuibhithe, ba cheart ***glacadh leis*** go gcomhlíonann ***sé*** na ceanglais chomhfhreagracha a leagtar amach sa Rialachán seo. | (58) Má léiríonn comhlacht um measúnú comhréireachta ***comhréireacht na bréagán*** leis na critéir a leagtar síos ***i gcaighdeáin*** chomhchuibhithe, ba cheart ***a thoimhdiú*** go gcomhlíonann ***an bréagán*** na ceanglais chomhfhreagracha a leagtar amach sa Rialachán seo. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 67 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(67a) Faoi Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2023/988 ceanglaítear ar mhonaróirí fógra a thabhairt, tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht, faoi aon teagmhas díobhála mar thoradh ar tháirge a úsáid. Ar bhonn na faisnéise sin, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an ngá agus ar a indéanta atá bunachar sonraí uile-Eorpach maidir le díobháil a d'fhéadfadh faisnéis bhreise agus eolas breise a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha, do ghealllsealbhóirí*** |

| | |
|---|---|
| | ***ábhartha agus do shaineolaithe ábhartha, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht chreat rialála sonrach an Aontais maidir le bréagáin.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 69**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (69) Chun dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh chomh maith le leibhéal ullmhachta digití na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na leanaí agus a maoirseoirí, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún freisin i dtaca leis an Rialachán seo a leasú i ndáil leis an bhfaisnéis atá le háireamh sa phas táirge agus leis an bhfaisnéis atá le háireamh sa chlárlann le haghaidh pasanna táirge. | (69) Chun dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh chomh maith le leibhéal ullmhachta digití na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na leanaí agus a maoirseoirí, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún freisin i dtaca leis an Rialachán seo a leasú i ndáil leis an bhfaisnéis atá le háireamh sa phas táirge ***digiteach*** agus leis an bhfaisnéis atá le háireamh sa chlárlann le haghaidh pasanna táirge ***dhigiteacha***. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 71**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (71) ***Ar ghlacadh*** gníomhartha tarmligthe faoin Rialachán seo, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid | (71) ***Agus*** gníomhartha tarmligthe ***á nglacadh*** faoin Rialachán seo, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí |

oibre ullmhúcháin, lena ***n-áirítear*** ar leibhéal na saineolaithe, agus go ***ndéanfaí*** na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[40] . Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

__________________

[40] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena ***n-áirítear*** ar leibhéal na saineolaithe ***agus na ngeallsealbhóirí***, agus go ***ndéanfar*** na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[40]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

__________________

[40] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 72**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (72) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na ceanglais theicniúla mhionsonraithe a bhunú le haghaidh an phas táirge do bhréagáin, agus chun a chinneadh cé acu a mheasfar nó nach measfar táirge sonrach nó grúpa táirgí mar bhréagán chun críocha an Rialacháin seo. I gcásanna eisceachtúla inar gá sin chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua atá ag teacht chun cinn agus nach dtugtar aghaidh orthu go hiomchuí leis na ceanglais sábháilteachta áirithe, ba cheart | (72) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na ceanglais theicniúla mhionsonraithe a bhunú le haghaidh an phas táirge ***digiteach*** do bhréagáin, agus chun a chinneadh cé acu a mheasfar nó nach measfar táirge sonrach nó grúpa táirgí mar bhréagán chun críocha an Rialacháin seo. I gcásanna eisceachtúla inar gá sin chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua atá ag teacht chun cinn agus nach dtugtar aghaidh orthu go hiomchuí leis na ceanglais sábháilteachta áirithe, ba |

| | |
|---|---|
| an Coimisiún a chumhachtú gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach bearta sonracha in aghaidh bréagán nó catagóirí bréagán a chuirtear ar fáil ar an margadh agus a bhfuil riosca ag baint leo do leanaí. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] .<br>__________________<br>[41] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). | cheart an Coimisiún a chumhachtú gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach bearta sonracha in aghaidh bréagán nó catagóirí bréagán a chuirtear ar fáil ar an margadh agus a bhfuil riosca ag baint leo do leanaí. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] .<br>__________________<br>[41] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ábhar | ***Cuspóir agus*** ábhar |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Leis an Rialachán*** seo, ***leagtar síos rialacha*** maidir le ***sábháilteacht bréagán,*** | ***Is é cuspóir an Rialacháin*** seo ***feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú*** |

| | |
|---|---|
| ***lena n-áirithítear leibhéal ard*** cosanta do shláinte agus ***sábháilteacht*** leanaí agus daoine eile***, agus maidir le saorghluaiseacht bréagán san Aontas***. | ***agus***, ***ag an am céanna, foráil a dhéanamh*** maidir le ***hardleibhéal*** cosanta do ***thomhaltóirí agus ardleibhéal cosanta do*** shláinte agus ***do shábháilteacht*** leanaí agus daoine eile. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le sábháilteacht bréagán agus saorghluaiseacht bréagán san Aontas, rud a rannchuidíonn le neartú an mhargaidh inmheánaigh.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun críocha an Rialacháin seo, measfar go bhfuil táirge beartaithe lena úsáid i súgradh ag leanaí faoi ***bhun 14*** bliana d'aois, ***nó ag leanaí d'aoisghrúpa sonrach ar bith eile atá faoi bhun 14 bliana d'aois,*** i gcás inar féidir le tuismitheoir nó maoirseoir glacadh leis go réasúnta, de bhua fheidhmeanna, ghnéithe agus shaintréithe an táirge sin, go bhfuil sé beartaithe é a úsáid i súgradh ag leanaí den aoisghrúpa ábhartha. | Chun críocha an Rialacháin seo, measfar go bhfuil táirge beartaithe lena úsáid i súgradh ag leanaí faoi ***bhun 14*** bliana d'aois, i gcás inar féidir le tuismitheoir nó maoirseoir glacadh leis go réasúnta, de bhua fheidhmeanna, ghnéithe agus shaintréithe an táirge sin, go bhfuil sé beartaithe é a úsáid i súgradh ag leanaí den aoisghrúpa ábhartha. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cumhachtófar ***an Coimisiún*** gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcinnfear ***cé*** acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann táirgí sonracha nó catagóirí táirgí na critéir a leagtar amach i ***mír 1*** den Airteagal seo agus, dá bhrí sin, ***cé acu*** is féidir nó nach féidir a mheas gur bréagáin iad de réir bhrí an Rialacháin seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 50(2). | 3. ***Sula gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm de bhun Airteagal 56 agus i gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sábháilteachta atá ann cheana tar éis chur i bhfeidhm an Rialacháin seo,*** cumhachtófar ***don Choimisiún*** gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcinnfear ***cibé*** acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann táirgí sonracha nó catagóirí ***sonracha*** táirgí na critéir a leagtar amach i ***mír 1*** den Airteagal seo agus, dá bhrí sin, is féidir nó nach féidir a mheas gur bréagáin iad de réir bhrí an Rialacháin seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 50(2). |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Cuirfear an Rialachán seo chun feidhme agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal an réamhchúraim.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ciallaíonn 'ionadaí údaraithe' aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe laistigh den Aontas a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ó mhonaróir chun gníomhú thar ceann an duine sin ***maidir*** le cúraimí sonraithe; | (4) ciallaíonn 'ionadaí údaraithe' aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe laistigh den Aontas a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ó mhonaróir chun gníomhú thar ceann an duine sin ***i ndáil*** le cúraimí sonraithe ***maidir le hoibleagáidí an mhonaróra faoin Rialachán seo***; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí comhlíonta' soláthraí seirbhíse comhlíonta mar a shainmhínítear in ***Airteagal 2***, pointe 11, de Rialachán (AE) 2019/1020; | (7) Ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí comhlíonta' soláthraí seirbhíse comhlíonta mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3***, pointe 11, de Rialachán (AE) 2019/1020; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' an monaróir, an ***ionadaí*** údaraithe, an t-allmhaireoir, an dáileoir***,*** agus an soláthraí seirbhíse comhlíonta; | (8) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' an monaróir, an ***t-ionadaí*** údaraithe, an t-allmhaireoir, an dáileoir agus an soláthraí seirbhíse comhlíonta ***nó aon duine*** |

***nádúrtha nó dlítheanach eile atá faoi réir oibleagáidí i ndáil le táirgí a mhonarú nó a chur ar fáil ar an margadh i gcomhréir leis an Rialachán seo***;

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) ciallaíonn '***margadh*** ar líne' ***margadh*** ar líne ***mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe*** (14), de ***Rialachán*** (AE) 2023/988; | (9) ciallaíonn '***soláthraí margaidh*** ar líne' ***soláthraí seirbhíse idirghabhálaí a úsáideann comhéadan*** ar líne ***lenar féidir le tomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe chun táirgí a dhíol de réir Airteagal 3, pointe*** (14), de ***Rialachán*** (AE) 2023/988; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) ciallaíonn 'beartaithe lena úsáid ag' go mbeidh tuismitheoir nó maoirseoir in ann le réasún glacadh leis de bhua feidhmeanna, toisí agus tréithe bréagán go bhfuil sé beartaithe lena úsáid ag leanaí den aoisghrúpa sonraithe;*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) ciallaíonn 'ceanglais sábháilteachta riachtanacha' an 'ceanglas sábháilteachta ginearálta' a leagtar síos in Airteagal 5(2) mar aon leis na ceanglais sábháilteachta ar leith a leagtar amach in Iarscríbhinn II;*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) ciallaíonn 'pas táirge digiteach' tacar sonraí a bhaineann go sonrach le táirge lena n-áirítear an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn VI agus a bhfuil rochtain air trí mhodhanna leictreonacha trí iompróir sonraí;*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) ciallaíonn 'iompróir sonraí' ***siombail barrachóid línigh, siombail dhéthoiseach nó meán gabhála sonraí eile um shainaithint uathoibríoch is féidir a léamh*** | (14) ciallaíonn 'iompróir sonraí' ***iompróir sonraí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, mír 1, pointe 30 de Rialachán (AE).../...) [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an*** |

| | |
|---|---|
| ***le feiste***; | ***tsraithuimhir le haghaidh na gceanglas éicidhearthóireachta maidir le táirgí inbhuanaithe***; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) ciallaíonn 'aitheantóir táirge uathúil' ***teaghrán*** uathúil ***carachtar chun bréagáin a shainaithint lenar féidir nasc gréasáin a dhéanamh leis an bpas táirge***; | (15) ciallaíonn 'aitheantóir táirge uathúil' ***aitheantóir*** uathúil ***mar a shainmhínítear in Airteagal 2, mír 1, pointe 31 de Rialachán (AE).../...) [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an tsraithuimhir le haghaidh Ceanglais Éicidhearthóireachta maidir le Táirgí Inbhuanaithe]***; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) ciallaíonn 'aitheantóir oibreora uathúil' ***teaghrán*** uathúil ***carachtar chun gníomhaithe atá bainteach leis an slabhra luacha bréagán a shainaithint***; | (16) ciallaíonn 'aitheantóir oibreora uathúil' ***aitheantóir oibreora*** uathúil ***mar a shainmhínítear in Airteagal 2, mír 1, pointe 32 de Rialachán (AE).../...) [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach sraithuimhir le haghaidh Ceanglais Éicidhearthóireachta maidir le Táirgí Inbhuanaithe]***; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) ciallaíonn 'measúnú comhréireachta' an próiseas lena léirítear cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na ceanglais ***fhíor-riachtanacha*** maidir le bréagán; | (20) ciallaíonn 'measúnú comhréireachta' an próiseas lena léirítear cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na ceanglais ***riachtanacha sábháilteachta*** maidir le bréagán; |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Ciallaíonn 'údarás um fhaireachas margaidh' údarás ***um fhaireachas margaidh mar a shainmhínítear in*** Airteagal ***3, pointe 4, de Rialachán*** (AE) 2019/1020; | (28) ciallaíonn 'údarás um fhaireachas margaidh' údarás ***arna ainmniú ag Ballstát faoi*** Airteagal ***10 de Rialachán*** (AE) 2019/1020 ***mar údarás atá freagrach as faireachas margaidh a eagrú agus a dhéanamh i gcríoch an Bhallstáit sin***; |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) ciallaíonn 'údarás a thugann fógra' údarás arna ainmniú ag Ballstát faoin*** |

| | |
|---|---|
| | ***Rialachán seo mar údarás atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta i gcríoch an Bhallstáit sin agus fógra a thabhairt dóibh;*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) ciallaíonn 'bréagán feidhmiúil' bréagán a fheidhmíonn ***ar an gcaoi chéanna le táirge, fearas nó suiteáil*** agus a úsáidtear ar an ***gcaoi chéanna*** le táirge, fearas nó suiteáil atá beartaithe lena úsáid ag daoine fásta, agus a d'fhéadfadh a bheith ina ***mhúnla*** scála den táirge, den fhearas nó den tsuiteáil sin; | (29) ciallaíonn 'bréagán feidhmiúil' bréagán a fheidhmíonn agus a úsáidtear ar an ***mbealach céanna*** le táirge, fearas nó suiteáil atá beartaithe lena úsáid ag daoine fásta, ***lena mbaineann an leibhéal céanna riosca leis an táirge a úsáideann daoine fásta*** agus a d'fhéadfadh a bheith ina ***shamhail*** scála den táirge, den fhearas nó den tsuiteáil sin; |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) ciallaíonn 'bréagán ceimiceach' bréagán atá beartaithe chun substaintí ***ceimiceacha*** agus meascáin cheimiceacha a láimhseáil go díreach; | (32) ciallaíonn 'bréagán ceimiceach' bréagán atá beartaithe chun substaintí agus meascáin cheimiceacha a láimhseáil go díreach ***agus a úsáidtear ar bhealach atá oiriúnach d'aoisghrúpa áirithe agus faoi mhaoirseacht duine fhásta***; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) ciallaíonn 'cluiche boird boltanach' bréagán arb é is cuspóir dó cabhrú le leanbh foghlaim conas bolaithe nó blasanna difriúla a shainaithint; | (33) ciallaíonn 'cluiche boird boltanach' bréagán arb é is cuspóir dó cabhrú le leanbh foghlaim conas bolaithe nó blasanna difriúla a shainaithint ***nó a chomhcheangal***; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) ciallaíonn 'cluiche blastachta' bréagán arb é is cuspóir dó ligean do leanaí milseáin nó miasa a dhéanamh trí chomhábhair bhia a úsáid, lena n-áirítear leachtanna, púdair agus dea-bholaithe; | (35) ciallaíonn 'cluiche blastachta' bréagán arb é is cuspóir dó ligean do leanaí milseáin nó miasa a dhéanamh trí chomhábhair bhia a úsáid, lena n-áirítear leachtanna, púdair agus dea-bholaithe ***gan aon fhoinse teasa a úsáid***; |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(36) ciallaíonn 'substaint ar údar imní í' substaint ar údar imní í mar a*** | ***scriosta*** |

***shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (28), de Rialachán (AE).../... [maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe].***

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní dhéanfaidh na Ballstáit, ar chúiseanna a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht nó ar ghnéithe eile a chumhdaítear leis an Rialachán seo, bac a chur ar bhréagáin a chomhlíonann an Rialachán seo a chur ar fáil ar an margadh. | 1. Ní dhéanfaidh na Ballstáit, ar chúiseanna a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht nó ar ghnéithe eile a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ***toirmeasc, srian ná*** bac a chur ar bhréagáin a chomhlíonann an Rialachán seo a chur ar fáil ar an margadh. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Na ceanglais maidir le táirge*** | ***Buncheanglais sábháilteachta*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní bheidh riosca ag baint le bréagáin do shábháilteacht ***ná*** do shláinte úsáideoirí nó tríú páirtithe, ***lena n-áirítear sláinte shíceolaíoch agus mheabhrach, folláine agus forbairt chognaíoch leanaí,*** nuair a úsáidtear iad mar a bhí beartaithe nó ar bhealach intuartha, agus iompar leanaí á chur san áireamh. | Ní bheidh riosca ag baint le bréagáin do shábháilteacht ***nó*** do shláinte úsáideoirí nó tríú páirtithe, nuair a úsáidtear iad mar a bhí beartaithe nó ar bhealach intuartha, agus iompar leanaí á chur san áireamh. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Agus measúnú á dhéanamh ar an riosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfidh monaróir bréagán atá nasctha go digiteach san áireamh, i gcás inarb iomchuí, de réir na hiarrachtaí réasúnta is fearr, aon riosca do mheabhairshláinte, chomh maith le forbairt chognaíoch leanaí, a d'fhéadfadh teacht chun cinn nuair a úsáidtear bréagáin den sórt sin i gcomhréir leis an úsáid atá beartaithe dóibh.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfidh monaróir an dara fomhír i bhfeidhm ar bhealach atá comhréireach*** |

| | |
|---|---|
| | ***lena chumas i ndáil le measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar na rioscaí sin.*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás inar gá chun a áirithiú ***go n-úsáidfear go sábháilte iad***, beidh rabhadh ***ginearálta ar bhréagáin ina sonrófar*** teorainneacha iomchuí ***an úsáideora***. Áireofar leis na teorainneacha úsáideora aois íosta ***nó uasta*** an úsáideora ar a laghad agus, i gcás inarb iomchuí, na cumais is gá don úsáideoir, meáchan uasta nó íosta an úsáideora agus an gá lena áirithiú nach n-úsáidfear an bréagán ach faoi mhaoirseacht ***dhuine*** fásta. | 1. I gcás inar gá chun a ***n-úsáid shábháilte agus sláinte leanaí a*** áirithiú, beidh rabhadh ***ag gabháil le bréagáin ina sonraítear*** teorainneacha iomchuí ***ar úsáideoirí***. Áireofar leis na teorainneacha úsáideora aois íosta an úsáideora ar a laghad agus, i gcás inarb iomchuí, na cumais is gá don úsáideoir, meáchan uasta nó ***meáchan*** íosta an úsáideora agus an gá lena áirithiú nach n-úsáidfear an bréagán ach faoi mhaoirseacht ***duine*** fásta. |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh rabhaidh ar na catagóirí bréagán ***seo*** a ***leanas i gcomhréir leis na rialacha maidir le gach catagóir a*** leagtar amach in ***Iarscríbhinn III***: | Beidh rabhaidh ar na catagóirí bréagán a leagtar amach in ***Iarscríbhinn III***: |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) bréagáin nach bhfuil beartaithe lena n-úsáid ag leanaí faoi bhun 36 mhí;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) bréagáin ghníomhaíochta;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) bréagáin fheidhmiúla;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) bréagáin cheimiceacha;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(e) scátálaí, scátaí rollála, scátaí inlíne, cláir scátála, scútair agus rothair bréagán;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(f) bréagáin uisceacha;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(g) bréagáin i mbia;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(h) aithrisí ar mhaisc agus clogaid chosanta;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(i) bréagáin atá beartaithe le bheith sreangaithe trasna cliabháin nó naíchóiste trí shreangáin, cordaí, leaisticí nó strapaí;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(j) pacáistíocht le haghaidh cumhrán i gcluichí boird boltanacha, pacáistí cosmaideacha agus cluichí blastachta.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an monaróir rabhaidh a mharcáil ar bhealach atá infheicthe go soiléir, soléite, intuigthe agus cruinn ar an mbréagán, ar lipéad greamaithe nó ar an bpacáistíocht agus, más iomchuí, ar na treoracha úsáide a ghabhann leis an mbréagán. ***Beidh rabhaidh iomchuí greamaithe de bhréagáin bheaga*** a dhíoltar gan ***phacáistíocht***. | Déanfaidh an monaróir rabhaidh a mharcáil ar bhealach atá infheicthe go soiléir, soléite, intuigthe agus cruinn ar an mbréagán, ar lipéad greamaithe nó ar an bpacáistíocht agus, más iomchuí, ar na treoracha úsáide a ghabhann leis an mbréagán. ***Bréagáin*** a dhíoltar gan ***phacáistiú, greamófar rabhaidh iomchuí díobh má cheadaítear é le dromchla an bhréagáin***. ***Mura féidir é sin a dhéanamh, cuirfear na rabhaidh ar an lipéad. Féadfaidh an monaróir cód QR a chur leis lena soláthraítear nasc chuig na treoracha i bhformáid dhigiteach, ach déanfaidh sé rabhaidh a mharcáil ar an mbréagán i gcónaí, ar lipéad greamaithe nó ar an bpacáistíocht.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh rabhaidh ***infheicthe*** go soiléir ag an tomhaltóir roimh an gceannach, lena n-áirítear i gcásanna ina ndéantar an ceannach trí chiandíolacháin. Beidh rabhaidh ***ar*** mhéid leordhóthanach chun a ***n-infheictheacht a áirithiú***. | Beidh rabhaidh ***lena gcinntear an cinneadh an bréagán a cheannach le feiceáil*** go soiléir ag an tomhaltóir roimh an gceannach, lena n-áirítear i gcásanna ina ndéantar an ceannach trí chiandíolacháin ***agus trí dhíolacháin ar líne***. Beidh rabhaidh ***de*** mhéid leordhóthanach chun a ***áirithiú go mbeidh siad infheicthe agus inléite láithreach ar líne***. ***Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha*** |

***cur chun feidhme lena gcinnfear critéir a bhaineann le hinfheictheacht agus inléiteacht rabhadh, lena n-áirítear i gcás díolacháin ar líne, 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.***

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Ar*** lipéid agus treoracha úsáide, ***tarraingeofar*** aird na leanaí nó a maoirseoirí ar na guaiseacha agus na rioscaí bunúsacha do shláinte agus do shábháilteacht leanaí a bhfuil ***baint acu le húsáid na mbréagán***, agus ar na bealaí chun guaiseacha agus rioscaí den sórt sin a sheachaint. | 4. ***Leis na*** lipéid agus ***na*** treoracha úsáide, ***déanfar*** aird na leanaí nó a maoirseoirí ***a tharraingt*** ar na guaiseacha agus na rioscaí bunúsacha do shláinte agus do shábháilteacht leanaí ***i bhfianaise an aoisghrúpa leanaí*** a bhfuil ***na bréagáin beartaithe dóibh***, agus ar na bealaí chun guaiseacha agus rioscaí den sórt sin a sheachaint. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) pas táirge a chruthú don bhréagán i gcomhréir le hAirteagal 17; | (a) pas táirge ***digiteach*** a chruthú don bhréagán i gcomhréir le hAirteagal 17; |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (b) an t-iompróir sonraí a ghreamú ***den bhréagán nó de lipéad atá ceangailte den bhréagán,*** i gcomhréir le ***hAirteagal 17***(5); | (b) an t-iompróir sonraí a ghreamú i gcomhréir le ***hAirteagal 17***(5); |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (d) an t-aitheantóir uathúil táirge agus aitheantóir uathúil oibreora an bhréagáin sa chlárlann le haghaidh pasanna táirge dá dtagraítear in Airteagal 19(1) a uaslódáil, chomh maith le haon fhaisnéis bhreise eile a chinnfear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46(2). | (d) an t-aitheantóir uathúil táirge agus aitheantóir uathúil oibreora an bhréagáin sa chlárlann le haghaidh pasanna táirge ***dhigiteacha*** dá dtagraítear in Airteagal 19(1) a uaslódáil, chomh maith le haon fhaisnéis bhreise eile a chinnfear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46(2). |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 3. Coimeádfaidh monaróirí an doiciméadacht theicniúil agus an pas táirge ***go ceann*** tréimhse ***10 mbliana*** tar éis ***don bhréagán,*** a chumhdaítear ***faoin*** doiciméadacht agus ***faoin*** bpas táirge sin***,*** | 3. Coimeádfaidh monaróirí an doiciméadacht theicniúil ***cothrom le dáta*** agus an pas táirge ***digiteach ar feadh*** tréimhse ***10 mbliana*** tar éis ***an mhír dheireanach den mhúnla bréagán*** a |

| | |
|---|---|
| ***a bheith curtha*** ar an margadh. | chumhdaítear ***leis an*** doiciméadacht ***sin*** agus ***leis an*** bpas táirge ***digiteach*** sin ***a chur*** ar an margadh. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás ina measfaidh monaróirí,*** maidir leis na rioscaí a bhaineann le bréagán, ***gur gá sin*** chun sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint, déanfaidh monaróirí tástáil shamplach ar bhréagáin ***mhargaithe***. | ***Nuair a mheastar é a bheith iomchuí*** maidir leis na rioscaí a bhaineann le bréagán, chun sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint, déanfaidh monaróirí tástáil shamplach ar bhréagáin ***a mhargaítear***. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***Is éard a léireoidh*** monaróirí ***ar an mbréagán,*** a n-ainm ***nó*** a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe***,*** agus ***a*** seoladh poist ***agus a*** seoladh leictreonach ***teagmhála, nó*** i gcás nach ***féidir é sin a dhéanamh, is*** ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an mbréagán ***a léireofar iad***. Léireoidh monaróirí pointe aonair ag ar féidir dul i dteagmháil leo. | 6. ***Déanfaidh*** monaróirí a n-ainm***,*** a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe agus ***an*** seoladh poist ***nó an*** seoladh leictreonach ***ag ar féidir dul*** i ***dteagmháil leo a léiriú ar an mbréagán nó, i*** gcás nach ***bhfuil sé sin indéanta,*** ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an mbréagán ***nó ar an bpas táirge digiteach***. Léireoidh monaróirí pointe aonair ag ar féidir dul i dteagmháil leo. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Áiritheoidh monaróirí go ***bhfuil*** treoracha agus faisnéis ag gabháil leis an mbréagán i dteanga nó i dteangacha atá sothuigthe ***do thomhaltóirí*** agus ***d'***úsáideoirí deiridh eile, mar a chinnfidh an Ballstát lena mbaineann. Beidh na treoracha agus an fhaisnéis sin soiléir, intuigthe agus inléite. | 7. Áiritheoidh monaróirí go ***mbeidh*** treoracha ***úsáide*** agus faisnéis ***sábháilteachta*** ag gabháil leis an mbréagán i dteanga nó i dteangacha atá sothuigthe ***ag tomhaltóirí*** agus ***ag*** úsáideoirí deiridh eile, ***lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, más indéanta, de réir*** mar a chinnfidh an Ballstát lena mbaineann. Beidh na treoracha agus an fhaisnéis sin soiléir, intuigthe agus inléite. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 8 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina measann monaróirí, nó ina bhfuil cúis ***chun*** a chreidiúint, nach gcomhlíonann bréagán atá curtha ar an margadh acu an Rialachán seo, déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an bréagán sin a thabhairt chun comhréireachta, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm, de réir mar is iomchuí. | I gcás ina measann monaróirí, nó ina bhfuil cúis ***acu*** a chreidiúint, ***ar bhonn na faisnéise atá i seilbh an mhonaróra sin,*** nach gcomhlíonann bréagán atá curtha ar an margadh acu an Rialachán seo, déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an bréagán sin a thabhairt chun comhréireachta, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm, de réir mar is iomchuí. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 8 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina measann monaróirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca ag baint leis an ***mbréagán***, cuirfidh siad faisnéis ina leith ar fáil láithreach ***don mhéid*** seo a leanas: | I gcás ina measann monaróirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, ***ar bhonn na faisnéise atá i seilbh an mhonaróra sin,*** go bhfuil riosca ag baint leis an ***bréagán***, cuirfidh siad faisnéis ina leith ar fáil láithreach ***do na daoine*** seo a leanas: |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 8 – fomhír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) údaráis ***um fhaireachas*** margaidh na mBallstát ***ina bhfuil*** an bréagán ***curtha*** ar fáil ***acu***, tríd an Tairseach Ghnó ***um Fholáireamh*** maidir le Sábháilteacht ***Táirgí*** dá dtagraítear in ***Airteagal 26 de Rialachán*** (AE) 2023/988, ***lena*** dtugtar mionsonraí, go háirithe, ***faoi aon neamhchomhlíontacht*** agus ***faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh***; agus | (a) údaráis ***faireachais*** margaidh na mBallstát ***inar chuir siad*** an bréagán ar fáil, tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht dá dtagraítear in ***Airteagal 26 de Rialachán*** (AE) 2023/988, ***ina*** dtugtar mionsonraí, go háirithe, ***maidir le haon neamhchomhlíonadh*** agus ***aon bhearta ceartaitheacha a rinne an Ballstát agus, má tá sé ar fáil, maidir le cainníocht na mbréagán atá fós ar an margadh***; agus |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Áiritheoidh monaróirí go ***ndéanfar*** oibreoirí eacnamaíocha eile, an t-oibreoir eacnamaíoch dá dtagraítear in ***Airteagal 4***(1) de ***Rialachán*** (AE) 2019/1020, agus margaí ar líne, sa slabhra soláthair lena mbaineann, ***a choinneáil*** ar an eolas go tráthúil faoi aon ***neamh-chomhréireacht atá sainaitheanta ag*** na monaróirí. | 10. Áiritheoidh monaróirí go ***gcoinneofar*** oibreoirí eacnamaíocha eile, an t-oibreoir eacnamaíoch dá dtagraítear in ***Airteagal 4***(1) de ***Rialachán*** (AE) 2019/1020, agus ***soláthraithe*** margaí ar líne, sa slabhra soláthair lena mbaineann, ar an eolas go tráthúil faoi aon ***neamhchomhréireacht a shainaithin*** na monaróirí. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Déanfaidh monaróirí uimhir theileafóin, seoladh leictreonach, ***roinn*** ar leith dá suíomh gréasáin ***nó cainéal cumarsáide eile*** a chur ar fáil go poiblí, rud a chuirfidh ar chumas tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile gearáin a ***dhéanamh*** maidir le sábháilteacht bréagán agus ***chun*** na monaróirí a chur ar an eolas faoi aon tionóisc nó saincheist sábháilteachta a bhí acu ***le*** bréagáin ***den sórt*** sin. Ar an mbealach sin, déanfaidh na monaróirí na riachtanais inrochtaineachta atá ag daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh. | 11. Déanfaidh monaróirí ***cainéil cumarsáide amhail*** uimhir theileafóin, seoladh leictreonach, ***cuid*** ar leith dá suíomh gréasáin a chur ar fáil go poiblí, rud a chuirfidh ar chumas tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile gearáin a ***thíolacadh*** maidir le sábháilteacht bréagán agus na monaróirí a chur ar an eolas faoi aon tionóisc nó saincheist sábháilteachta a bhí acu ***leis na*** bréagáin sin. Ar an mbealach sin, déanfaidh na monaróirí na riachtanais inrochtaineachta atá ag daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh. ***Áireofar sa chainéal cumarsáide nasc chuig an roinn den Tairseach Safety Gate dá dtagraítear in Airteagal 34(3) de Rialachán 2023/988 chun faisnéis a tharchur faoi bhréagáin a d'fhéadfadh a bheith ina riosca do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí.*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an monaróir ionadaí údaraithe a cheapadh trí shainordú i scríbhinn. | 1. Féadfaidh an monaróir ionadaí údaraithe a cheapadh trí shainordú i scríbhinn. ***Nuair a fhoirceannann monaróirí sainordú a n-ionadaí údaraithe, cuirfidh siad é sin in iúl don údarás um fhaireachas margaidh. Féadfaidh monaróir atá bunaithe san Aontas ionadaí údaraithe a cheapadh freisin.*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an doiciméadacht theicniúil a choinneáil ar fáil do na húdaráis faireachais ***margaidh*** náisiúnta agus a áirithiú go ***mbeidh*** an pas táirge ar fáil, i gcomhréir le ***hAirteagal 17***(2), ***go ceann*** tréimhse ***10 mbliana*** tar éis an bréagán a chumhdaítear leis na doiciméid sin a chur ar an margadh; | (a) an doiciméadacht theicniúil a choinneáil ar fáil do na húdaráis faireachais náisiúnta agus a áirithiú go ***bhfuil*** an pas táirge ***digiteach*** ar fáil, i gcomhréir le ***hAirteagal 17***(2), ***ar feadh*** tréimhse ***10 mbliana*** tar éis an ***mhír dheireanach den mhúnla*** bréagán a chumhdaítear leis na doiciméid sin a chur ar an margadh; |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***tar éis dó*** iarraidh réasúnaithe ***a fháil*** ó údarás náisiúnta inniúil, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá a chur ar fáil don údarás sin chun comhréireacht ***bréagáin*** a léiriú; | (b) ***mar thoradh ar*** iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá a chur ar fáil don údarás sin chun comhréireacht ***bréagán*** a léiriú ***i dteanga oifigiúil, teanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint***; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***comhoibriú*** leis na húdaráis náisiúnta inniúla, nuair a iarrann siad sin, maidir le haon ***bheart a dhéanfar*** chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le bréagáin a chumhdaítear leis an sainordú. | (c) ***oibriú i gcomhar*** leis na húdaráis náisiúnta inniúla, nuair a iarrann siad sin, maidir le haon ***ghníomhaíocht a dhéantar*** chun deireadh a chur ***ar bhealach éifeachtach*** leis na rioscaí a bhaineann le bréagáin a chumhdaítear leis an sainordú ***i scríbhinn***. |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) na húdaráis inniúla náisiúnta a chur ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht a rinneadh chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le bréagáin a chumhdaítear lena sainordú trí fhógra a*** |

***thabhairt sa Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht Táirgí, i gcás nár chuir an monaróir an fhaisnéis ar fáil cheana nó ar threoir a fháil chuige sin ón monaróir.***

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go bhfuil treoracha ***úsáide*** agus ***faisnéise*** sábháilteachta i gcomhréir le hAirteagal 7(7) ag gabháil leis an mbréagán i dteanga nó i dteangacha atá sothuigthe do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí deiridh eile, arna cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann; | (b) go bhfuil treoracha ***maidir le húsáid*** agus ***faisnéis*** sábháilteachta i gcomhréir le hAirteagal 7(7) ag gabháil leis an mbréagán i dteanga nó i dteangacha atá sothuigthe do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí deiridh eile, arna cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann; |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) gur chruthaigh an monaróir pas táirge don bhréagán i gcomhréir le hAirteagal 7(2); | (c) gur chruthaigh an monaróir pas táirge ***digiteach*** don bhréagán i gcomhréir le hAirteagal 7(2); |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) go ***bhfuil*** iompróir sonraí ***ar an mbréagán*** i gcomhréir le ***hAirteagal 17***(5); | (d) go ***ngreamófar*** iompróir sonraí i gcomhréir le ***hAirteagal 17***(5); |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) gur áiríodh an fhaisnéis ábhartha sa phas táirge sa chlárlann le haghaidh pasanna táirge i gcomhréir le hAirteagal 19(1); | (e) gur áiríodh an fhaisnéis ábhartha sa phas táirge ***digiteach*** sa chlárlann le haghaidh pasanna táirge ***dhigiteacha*** i gcomhréir le hAirteagal 19(1); |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil ***táirge*** i gcomhréir leis na ***ceanglais fhíor-riachtanacha*** sábháilteachta, ***ní chuirfidh*** siad an bréagán ar an margadh go dtí go ***mbeidh sé tugtha*** chun comhréireachta. | I gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, ***ar bhonn na faisnéise atá i seilbh an allmhaireora sin,*** nach bhfuil ***bréagán*** i gcomhréir leis na ***buncheanglais*** sábháilteachta, ***cuirfidh*** siad an ***monaróir ar an eolas faoi sin agus staonfaidh siad ón*** bréagán ***a chur*** ar an margadh go dtí go ***dtabharfaidh an monaróir*** chun comhréireachta ***é***. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca ag baint leis an mbréagán, cuirfidh siad faisnéis ina leith ar fáil láithreach ***don mhéid*** seo a leanas: | I gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, ***ar bhonn na faisnéise atá i seilbh an allmhaireora sin,*** go bhfuil riosca ag baint leis an mbréagán, cuirfidh siad faisnéis ina leith ar fáil láithreach ***do na daoine*** seo a leanas: |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile, i gcomhréir le hAirteagal 35 nó 36 de Rialachán (AE) 2023/988, nó iad araon.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 6 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go ***bhfuil*** riosca do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile ***ag*** | I gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go ***mbaineann*** riosca do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí agus úsáideoirí |

| | |
|---|---|
| ***baint*** le bréagán ***atá curtha*** ar an margadh ***acu***, cuirfidh siad údaráis náisiúnta ***inniúla*** na mBallstát inar chuir siad an bréagán ar fáil ar an eolas láithreach ***chuige*** sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoin ***neamhchomhlíontacht*** agus faoi aon ***bheart ceartaitheach*** a rinneadh. | deiridh eile le bréagán ***a chuir siad*** ar an margadh, cuirfidh siad ***an monaróir agus*** údaráis ***inniúla*** náisiúnta na mBallstát inar chuir siad an bréagán ar fáil ar an eolas láithreach ***ina thaobh*** sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoin ***neamhchomhlíonadh*** agus faoi aon ***bhearta ceartaitheacha*** a rinneadh ***agus cuirfidh siad tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile ar an eolas, i gcomhréir le hAirteagal 35 nó le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/988, nó leo araon***. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Coinneoidh allmhaireoirí, ***go ceann*** tréimhse ***10 mbliana*** tar éis an bréagán a chur ar an margadh, aitheantóir uathúil ***táirge*** an bhréagáin ar fáil do na húdaráis ***um fhaireachas*** margaidh agus áiritheoidh siad gur féidir an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in ***Airteagal 23*** a chur ar fáil do na húdaráis sin, nuair a iarrtar sin. | 7. Coinneoidh allmhaireoirí, ***ar feadh*** tréimhse ***10 mbliana*** tar éis an ***mhír dheireanach den mhúnla*** bréagán a chur ar an margadh, aitheantóir ***táirge*** uathúil an bhréagáin ar fáil do na húdaráis ***faireachais*** margaidh agus áiritheoidh siad gur féidir an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in ***Airteagal 23*** a chur ar fáil do na húdaráis sin, nuair a iarrtar sin. |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Fíoróidh allmhaireoirí cé acu a rinne | 9. Fíoróidh allmhaireoirí cé acu a rinne |

| | |
|---|---|
| nó nach ndearna an monaróir ***cainéal cumarsáide*** dá dtagraítear in Airteagal 7(11) a chur ar fáil go poiblí do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí deiridh eile, rud a chuirfidh ar a gcumas gearáin a dhéanamh maidir le sábháilteacht bréagán agus faisnéis a chur ar fáil maidir le haon timpiste nó saincheist sábháilteachta a bhí acu leis an mbréagán. Mura bhfuil ***cainéal cumarsáide*** ar fáil, déanfaidh allmhaireoirí foráil ***maidir le cainéal den sórt sin***, agus riachtanais inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh. | nó nach ndearna an monaróir ***cainéil chumarsáide*** dá dtagraítear in Airteagal 7(11) a chur ar fáil go poiblí do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí deiridh eile, rud a chuirfidh ar a gcumas gearáin a dhéanamh maidir le sábháilteacht bréagán agus faisnéis a chur ar fáil maidir le haon timpiste nó saincheist sábháilteachta a bhí acu leis an mbréagán. Mura bhfuil ***cainéil chumarsáide*** ar fáil, déanfaidh allmhaireoirí foráil ***dóibh***, agus riachtanais inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 10 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Coimeádfaidh na hallmhaireoirí an*** monaróir, ***na*** dáileoirí agus, i gcás inarb ábhartha, margaí ar líne ar an eolas go tráthúil faoin imscrúdú a rinneadh agus faoi thorthaí an imscrúdaithe. | ***Coinneoidh allmhaireoirí*** monaróir, dáileoirí agus, i gcás inarb ábhartha, ***soláthraithe*** margaí ar líne ar an eolas go tráthúil faoin imscrúdú a rinneadh agus faoi thorthaí an imscrúdaithe. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) áiritheoidh na monaróirí go bhfuil treoracha agus faisnéis sábháilteachta ag gabháil leis an mbréagán i dteanga nó i dteangacha atá sothuigthe do | (a) áiritheoidh na monaróirí go bhfuil treoracha ***úsáide*** agus faisnéis sábháilteachta ag gabháil leis an mbréagán i dteanga nó i dteangacha atá sothuigthe |

| | |
|---|---|
| thomhaltóirí, de réir mar a chinneann an Ballstát ina gcuirtear an mbréagán ar fáil ar an margadh; | do thomhaltóirí, de réir mar a chinneann an Ballstát ina gcuirtear an mbréagán ar fáil ar an margadh; |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil ***táirge*** i gcomhréir leis na ceanglais ***fhíor-riachtanacha*** sábháilteachta, ***ní chuirfidh*** siad an ***bréagán*** ar fáil ar an margadh go dtí go mbeidh sé tugtha chun comhréireachta. | I gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, ***ar bhonn na faisnéise atá i seilbh an dáileora sin,*** nach bhfuil ***bréagán*** i gcomhréir leis na ceanglais sábháilteachta ***riachtanacha***, ***cuirfidh*** siad an ***monaróir*** ar ***an eolas faoi sin agus staonfaidh siad ón táirge a chur ar*** fáil ar an margadh go dtí go mbeidh sé tugtha chun comhréireachta ***ag an monaróir***. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca ag baint leis an ***bréagán***, cuirfidh siad faisnéis ina leith ar fáil láithreach ***don mhéid*** seo a leanas: | I gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, ***ar bhonn na faisnéise atá i seilbh an dáileora sin,*** go bhfuil riosca ag baint leis an ***mbréagán***, cuirfidh siad faisnéis ina leith ar fáil láithreach ***do na daoine*** seo a leanas: |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile, i gcomhréir le hAirteagal 35 nó 36 de Rialachán (AE) 2023/988, nó iad araon.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil ***táirge atá curtha*** ar fáil ar an margadh ***acu*** i gcomhréir leis an Rialachán seo, áiritheoidh siad go ***ndéanfar*** na bearta ceartaitheacha is gá chun an bréagán sin a thabhairt chun comhréireachta, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm, más iomchuí. | I gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, ***ar bhonn na faisnéise atá i seilbh an dáileora sin,*** nach bhfuil ***bréagán a chuir siad*** ar fáil ar an margadh i gcomhréir leis an Rialachán seo, áiritheoidh siad go ***nglacfar láithreach*** na bearta ceartaitheacha is gá chun an bréagán sin a thabhairt chun comhréireachta, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm, más iomchuí. |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| I gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca ag baint le bréagán ***atá curtha*** ar fáil ar an margadh ***acu***, cuirfidh siad údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar chuir siad an bréagán ar fáil ar an eolas láithreach ***ina thaobh*** sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoin ***neamhchomhlíontacht*** agus faoi aon ***bheart ceartaitheach*** a rinneadh. | I gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca ag baint le bréagán ***a chuir siad*** ar fáil ar an margadh, cuirfidh siad ***an monaróir nó an t-allmhaireoir, de réir mar is infheidhme agus*** údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar chuir siad an bréagán ar fáil***,*** ar an eolas láithreach ***chuige*** sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoin ***neamhchomhlíonadh*** agus faoi aon ***bhearta ceartaitheacha*** a rinneadh ***agus cuirfidh siad tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile ar an eolas, i gcomhréir le hAirteagal 35 nó le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/988, nó leo araon***. |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cásanna ina bhfuil feidhm ag oibleagáidí monaróirí maidir le ***hallmhaireoirí agus dáileoirí*** | Cásanna ina bhfuil feidhm ag oibleagáidí monaróirí maidir le ***daoine eile*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Measfar ***allmhaireoir nó dáileoir a bheith ina mhonaróir*** chun críocha an Rialacháin seo agus beidh sé faoi réir oibleagáidí an mhonaróra faoi ***Airteagal 7*** i gcás ina | Measfar ***gur monaróir é duine nádúrtha nó dlítheanach*** chun críocha an Rialacháin seo***,*** agus beidh sé faoi réir oibleagáidí an mhonaróra faoi ***Airteagal 7,*** i gcás ina |

| | |
|---|---|
| ***gcuirfidh an t-allmhaireoir nó an dáileoir*** sin bréagán ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc, nó i gcás ina modhnaíonn sé bréagán atá curtha ar an margadh cheana ***féin*** ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíonadh cheanglais ***is*** infheidhme an Rialacháin seo. | ***gcuireann an duine nádúrtha nó dlítheanach*** sin bréagán ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc, nó i gcás ina modhnaíonn sé bréagán atá curtha ar an margadh cheana ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíonadh cheanglais infheidhme an Rialacháin seo. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil II a (nua) – Airteagal 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Caibidil IIa*** |
| | ***Oibleagáidí margaí ar líne*** |
| | ***Airteagal 12a*** |
| | ***Chun críocha an Rialacháin seo, comhlíonfaidh soláthraithe margaí ar líne na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2023/988.*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Toimhde na ***comhréireachta*** | Toimhde ***chomhréireacht*** na ***mbréagán*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha ***cur chun feidhme***, sonraíochtaí ***coiteanna*** a bhunú ***do na ceanglais fhíor-riachtanacha*** sábháilteachta i gcás ina ***gcomhlíonfar*** na coinníollacha seo a leanas: | Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha ***tarmligthe lena bhforlíontar an Rialachán seo***, sonraíochtaí ***comhchoiteanna*** a bhunú ***le haghaidh na mbuncheanglas*** sábháilteachta ***ach amháin*** i gcás ina ***gcomhlíontar*** na coinníollacha seo a leanas: |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***níl aon chaighdeán comhchuibhithe ann a chumhdaíonn*** na ceanglais sin***, a bhfoilsítear an tagairt dóibh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ní chomhlíonann an caighdeán na ceanglais a bhfuil sé d'aidhm aige iad a chumhdach;*** | (a) ***gur iarr an Coimisiún, de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán 1025/2012, ar cheann amháin nó níos mó d'eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin Eorpacha a dhréachtú nó a athbhreithniú maidir leis*** na ceanglais sin ***agus:***<br>***(i) nár glacadh leis an iarraidh; nó***<br>***(ii) nach ndéantar na caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar aghaidh ar an iarraidh sin a sheachadadh laistigh den sprioc-am a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; nó***<br>***(iii) ní chomhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe an iarraidh; agus*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***d'iarr an Coimisiún, de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán 1025/2012, ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin Eorpacha*** do na ceanglais sin ***a dhréachtú nó a athbhreithniú agus go gcomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:*** | (b) ***níor foilsíodh aon tagairt*** do ***chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear*** na ceanglais ***táirge in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 agus ní mheastar go bhfoilseofar aon tagairt den sórt*** sin ***laistigh de thréimhse réasúnta.*** |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(1) níor ghlac aon cheann de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, ag ar cuireadh an iarraidh, leis an iarraidh;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(2) ghlac ar a laghad ceann amháin de*** | ***scriosta*** |

***na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, ag ar cuireadh an iarraidh, leis an iarraidh, ach maidir leis na caighdeáin Eorpacha arna n-iarraidh:***

***(a) níor glacadh leo laistigh den sprioc-am a leagadh síos san iarraidh;***

***(b) ní chomhlíonann siad an iarraidh; nó***

***(c) ní chomhlíonann siad na ceanglais a bhfuil sé d'aidhm acu iad a chumhdach.***

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 50(3).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Agus an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 á ullmhú, cuirfidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí agus na ngrúpaí saineolaithe ábhartha san áireamh.*** |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Nuair a fhoilsítear tagairtí do chaighdeán comhchuibhithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá na gníomhartha ***cur chun feidhme*** dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo lena gcumhdaítear an ceanglas ***fíor-riachtanach*** sábháilteachta céanna a aisghairm nó a leasú. | 3. Nuair a fhoilsítear tagairtí do chaighdeán comhchuibhithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá na gníomhartha ***tarmligthe*** dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo lena gcumhdaítear an ceanglas ***riachtanach*** sábháilteachta céanna a aisghairm nó a leasú. |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil IV – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| PAS TÁIRGE | PAS TÁIRGE ***DIGITEACH*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Pas táirge | Pas táirge ***digiteach*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Sula ***gcuirfidh siad*** bréagán ar an margadh, ***cruthóidh*** monaróirí pas táirge don bhréagán sin. Comhlíonfaidh an pas táirge na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo agus in ***Airteagal 18***. | 1. Sula ***gcuirfear*** bréagán ar an margadh, ***déanfaidh*** monaróirí pas táirge ***digiteach a tharraingt suas*** don bhréagán sin. Comhlíonfaidh an pas táirge ***digiteach*** na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo agus in ***Airteagal 18 agus reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha eile de chuid an Aontais lena gceanglaítear dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais agus tiocfaidh sé in ionad gach dearbhaithe comhréireachta de chuid an Aontais is gá***. |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an pas táirge an méid seo a leanas: | 2. Déanfaidh an pas táirge ***digiteach*** an méid seo a leanas: |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) luafar ann gur léiríodh go gcomhlíonann an bréagán na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus, go háirithe***,*** na ceanglais ***fhíor-riachtanacha*** sábháilteachta; | (b) luafar ann gur léiríodh go gcomhlíonann an bréagán na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus ***i reachtaíocht chomhchuibhithe eile de chuid an Aontais lena gceanglaítear dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais***, go háirithe na ceanglais ***riachtanacha*** sábháilteachta; |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) beidh sé inrochtana do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí deiridh eile, d'údaráis um fhaireachas margaidh, d'údaráis chustaim, do chomhlachtaí faoina dtugtar fógra, don Choimisiún agus d'oibreoirí eacnamaíocha eile; | (f) ***ag brath ar chearta rochtana,*** beidh sé inrochtana do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí deiridh eile, d'údaráis um fhaireachas margaidh, d'údaráis chustaim, do chomhlachtaí faoina dtugtar fógra, don Choimisiún agus d'oibreoirí eacnamaíocha eile ***i gcomhréir le mír 2a, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le faisnéis rúnda ghnó agus rúin trádála a chosaint i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/943***; |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) beidh ***sé*** ar fáil ***go ceann*** tréimhse ***10 mbliana*** tar éis an bréagán a chur ar an margadh, i gcásanna ***freisin de*** | (g) beidh ***siad*** ar fáil ***ar feadh*** tréimhse ***10 mbliana*** tar éis an ***mhír dheireanach den tsamhail*** bréagán a chur ar an |

| | |
|---|---|
| ***dhócmhainneacht***, leachtú nó scor ***de ghníomhaíocht*** san Aontas ***de chuid*** an oibreora eacnamaíoch a chruthaigh an pas táirge; | margadh, ***agus freisin*** i gcásanna ***dócmhainneachta***, leachtú nó scor ***gníomhaíochta*** san Aontas an oibreora eacnamaíoch a chruthaigh an pas táirge ***digiteach***; |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***comhlíonfaidh sé*** na ceanglais shonracha agus theicniúla a leagtar síos de bhun ***mhír 10.*** | (i) na ceanglais shonracha agus theicniúla a leagtar síos de bhun ***mhír 10 a chomhlíonadh chun fíorú chomhlíonadh na dtáirgí ag na húdaráis náisiúnta inniúla a éascú;*** |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Is éard a bheidh sna cearta rochtana dá dtagraítear i mír 2, pointe (f) den Airteagal seo:*** |
| | ***(a) faisnéis atá inrochtana do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí deiridh eile a liostaítear i bpointí (c), (d), (i), (j), (ja), (jb) agus (jc) de Chuid I d'Iarscríbhinn VI agus, i gcás inarb infheidhme, i bpointí (a) agus (b) de Chuid II d'Iarscríbhinn VI;*** |
| | ***(b) faisnéis nach bhfuil inrochtana ach amháin d'údaráis faireachais margaidh, d'údaráis chustaim, do chomhlachtaí dá*** |

| | |
|---|---|
| | ***dtugtar fógra, agus don Choimisiún a liostaítear i bpointí (a) go (j) de Chuid I d’Iarscríbhinn VI agus, i gcás inarb infheidhme, pointí (a) agus (b) de Chuid II d’Iarscríbhinn VI.*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I dteannta na faisnéise dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an fhaisnéis a leagtar amach i gCuid II d’Iarscríbhinn VI a bheith sa phas táirge. | 3. I dteannta na faisnéise dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an fhaisnéis a leagtar amach i gCuid II d’Iarscríbhinn VI a bheith sa phas táirge ***digiteach***. |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tríd an bpas táirge a chruthú, glacfaidh an monaróir freagracht air féin maidir le ***comhlíonadh an Rialacháin seo ag an mbréagán***. | 4. Tríd an bpas táirge ***digiteach*** a chruthú, glacfaidh an monaróir freagracht air féin ***go gcomhlíonfaidh an bréagán an Rialachán seo agus aon reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme*** maidir le ***bréagáin***. |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh an t-iompróir sonraí i láthair go fisiciúil ar an mbréagán nó ar lipéad a bheidh ceangailte den bhréagán, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le mír 10. I gcás bréagáin bheaga agus bréagáin ***ina*** bhfuil ***codanna*** beaga, ***féadfar*** an t-iompróir sonraí ***a ghreamú*** dá phacáistíocht ***mar mhalairt rogha***. Beidh sé le feiceáil go soiléir don tomhaltóir roimh aon cheannachán agus do na húdaráis um fhaireachas margaidh, lena n-áirítear i gcásanna ina gcuirtear an bréagán ar fáil trí chiandíolacháin. | 5. Beidh an t-iompróir sonraí i láthair go fisiciúil ar an mbréagán nó ar lipéad a bheidh ceangailte den bhréagán, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le mír 10. I gcás bréagáin bheaga agus bréagáin ***a*** bhfuil ***páirteanna*** beaga ***iontu***, ***greamófar*** an t-iompróir sonraí dá phacáistíocht. Beidh sé le feiceáil go soiléir don tomhaltóir roimh aon cheannachán agus do na húdaráis um fhaireachas margaidh, lena n-áirítear i gcásanna ina gcuirtear an bréagán ar fáil trí chiandíolacháin. |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. I gcás ina gceanglaítear pas táirge le reachtaíocht eile de chuid an Aontais a bhfuil feidhm aici maidir le bréagáin, cruthófar pas táirge aonair le haghaidh bréagáin ina bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo chomh maith le faisnéis eile a cheanglaítear le haghaidh an phas táirge leis an reachtaíocht eile sin de chuid an Aontais. | 7. I gcás ina gceanglaítear pas táirge ***digiteach*** le reachtaíocht eile de chuid an Aontais a bhfuil feidhm aici maidir le bréagáin, cruthófar pas táirge ***digiteach*** aonair le haghaidh bréagáin ina bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo chomh maith le faisnéis eile a cheanglaítear le haghaidh an phas táirge ***digiteach*** leis an reachtaíocht eile sin de chuid an Aontais. |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***8. De mhaolú ar mhír 2, pointe (c), i gcás ina mbunófar ceanglais faisnéise a bhaineann le substaintí ar údar imní iad i mbréagáin i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán.../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach: an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe], níl gá a thuilleadh leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i gCuid I, pointe (k), d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 10 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena gcinnfear na ceanglais shonracha agus*** theicniúla a bhaineann leis an bpas táirge ***maidir le bréagáin***. Leis an gceanglas seo cumhdófar na nithe seo a leanas go háirithe: | ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na buncheanglais*** theicniúla a bhaineann leis an bpas táirge ***digiteach le haghaidh bréagán a chinneadh faoin......[12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** Leis an gceanglas seo cumhdófar na nithe seo a leanas go háirithe: |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 10 – fomhír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) na gníomhaithe a fhéadfaidh an fhaisnéis a thabhairt isteach nó a thabhairt cothrom le dáta sa phas táirge, lena n-áirítear, i gcás inar gá, pas táirge nua a chruthú, lena n-áirítear monaróirí, comhlachtaí faoina dtugtar fógra, údaráis náisiúnta inniúla, agus an Coimisiún, nó aon eagraíocht atá ag gníomhú thar a gceann, agus na cineálacha faisnéise a fhéadfaidh siad a thabhairt isteach nó a thabhairt cothrom le dáta. | (d) na gníomhaithe a fhéadfaidh an fhaisnéis a thabhairt isteach nó a thabhairt cothrom le dáta sa phas táirge ***digiteach***, lena n-áirítear, i gcás inar gá, pas táirge nua a chruthú, lena n-áirítear monaróirí, comhlachtaí faoina dtugtar fógra, údaráis náisiúnta inniúla, agus an Coimisiún, nó aon eagraíocht atá ag gníomhú thar a gceann, agus na cineálacha faisnéise a fhéadfaidh siad a thabhairt isteach nó a thabhairt cothrom le dáta. |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 10 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar na gníomhartha ***cur chun feidhme*** sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in ***Airteagal 50(3***). | Déanfar na gníomhartha ***tarmligthe*** sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in ***Airteagal 46 (2***). |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Dearadh teicniúil agus oibriú an phas | Dearadh teicniúil agus oibriú an phas |

| | |
|---|---|
| táirge | táirge ***dhigitigh*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh an pas táirge go hiomlán idir-inoibritheach le pasanna táirge a cheanglaítear le reachtaíocht eile an Aontais i ndáil leis na gnéithe teicniúla, séimeantacha agus eagraíochtúla a bhaineann le cumarsáid agus le haistriú sonraí ó cheann go ceann. | 1. Beidh an pas táirge ***digiteach*** go hiomlán idir-inoibritheach le pasanna táirge ***dhigiteacha*** a cheanglaítear le reachtaíocht eile an Aontais i ndáil leis na gnéithe teicniúla, séimeantacha agus eagraíochtúla a bhaineann le cumarsáid agus le haistriú sonraí ó cheann go ceann. |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh an fhaisnéis uile a ***bheidh*** sa phas táirge bunaithe ar chaighdeáin oscailte arna bhforbairt le ***formáid idir-inoibritheach*** agus beidh ***sí*** inléite ag meaisín, struchtúrtha agus inchuardaithe. | 2. Beidh an fhaisnéis uile a ***áirítear*** sa phas táirge ***digiteach*** bunaithe ar chaighdeáin oscailte arna bhforbairt ***i bhformáid idir-inoibritheach, lena n-áirítear chun faisnéis a tharchur tríd an Tairseach Ghnó maidir*** le ***Sábháilteacht*** agus ***tríd an Tairseach Safety Gate dá dtagraítear in Airteagail 27 agus 34 de Rialachán 2023/988.*** Beidh ***sé*** inléite ag meaisín, struchtúrtha agus inchuardaithe ***i gcomhréir leis na buncheanglais a leagtar amach i Rialachán…/… [An Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe]. Déanfar*** |

***an pas táirge digiteach a dhearadh agus a oibriú ar bhealach inrochtana, agus ionchorprófar ann prionsabal na slándála agus an phríobháideachais trí dhearadh.***

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh rochtain ***shaor*** in aisce ag úsáideoirí deiridh, oibreoirí eacnamaíocha agus gníomhaithe ábhartha eile ar an bpas táirge. | 3. Beidh rochtain ***saor*** in aisce ag ***tomhaltóirí nó*** úsáideoirí deiridh ***eile***, oibreoirí eacnamaíocha agus gníomhaithe ábhartha eile***,*** ar ***bhonn a gceart rochtana faoi seach, i gcomhréir le reachtaíocht*** an ***Aontais, ar an*** bpas táirge ***digiteach***. |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ní iarrfar ar thomhaltóirí aon bhogearra, clárú ná pasfhocal a íoslódáil agus a shuiteáil chun rochtain a fháil ar an bpas táirge digiteach.*** |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Is é an t-oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as an bpas táirge a chruthú, nó oibreoirí atá údaraithe chun gníomhú thar a cheann, a stórálfaidh na sonraí a chuimsítear sa phas táirge. | 4. Is é an t-oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as an bpas táirge ***digiteach*** a chruthú, nó oibreoirí atá údaraithe chun gníomhú thar a cheann, a stórálfaidh na sonraí a chuimsítear sa phas táirge ***digiteach***. |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás ina ndéanfaidh oibreoir atá údaraithe chun gníomhú thar ceann na n-oibreoirí eacnamaíocha a chuireann an bréagán ar an margadh na sonraí atá sa phas táirge a stóráil nó a phróiseáil ar shlí eile, ní cheadófar don oibreoir eile sin na sonraí sin a dhíol, a athúsáid ná a phróiseáil, ina n-iomláine nó i bpáirt, thar a bhfuil riachtanach chun na seirbhísí stórála nó próiseála ábhartha a sholáthar. | 5. I gcás ina ndéanfaidh oibreoir atá údaraithe chun gníomhú thar ceann na n-oibreoirí eacnamaíocha a chuireann an bréagán ar an margadh na sonraí atá sa phas táirge ***digiteach*** a stóráil nó a phróiseáil ar shlí eile, ní cheadófar don oibreoir eile sin na sonraí sin a dhíol, a athúsáid ná a phróiseáil, ina n-iomláine nó i bpáirt, thar a bhfuil riachtanach chun na seirbhísí stórála nó próiseála ábhartha a sholáthar. |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní ***fhéadfaidh*** oibreoirí | 6. Ní ***dhéanfaidh*** oibreoirí |

| | |
|---|---|
| eacnamaíocha aon fhaisnéis úsáide a rianú, a anailísiú ná a úsáid chun ***críoch*** seachas an méid ***is gá*** chun an fhaisnéis ***faoin*** bpas táirge a sholáthar ar líne. | eacnamaíocha aon fhaisnéis úsáide a rianú, a anailísiú ná a úsáid chun ***críocha*** seachas an méid ***atá fíor-riachtanach*** chun an fhaisnéis ***ar an*** bpas táirge ***digiteach*** a sholáthar ar líne. |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Clárlann le haghaidh pasanna táirge | Clárlann le haghaidh pasanna táirge ***dhigiteacha*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Sula gcuirfear bréagán ar an margadh, ***uaslódálfaidh*** oibreoirí eacnamaíocha***, sa chlárlann arna bunú faoi Airteagal 12(1) de Rialachán (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta do Tháirgí Inbhuanaithe] (***an ***'chlárlann'), an*** t-aitheantóir táirge uathúil agus an t-aitheantóir oibreora uathúil le haghaidh an bhréagáin sin. | 1. Sula gcuirfear bréagán ar an margadh, ***agus tar éis gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17(10) den Rialachán seo, déanfaidh*** oibreoirí eacnamaíocha an t-aitheantóir táirge uathúil agus an t-aitheantóir oibreora uathúil le haghaidh an bhréagáin sin ***a uaslódáil sa chlárlann arna bunú faoi Airteagal 12(1) de Rialachán (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an tsraithuimhir le haghaidh na gceanglas éicidhearthóireachta maidir le Táirgí Inbhuanaithe] (an 'clárlann').*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh rochtain ag an gCoimisiún, ag na húdaráis um fhaireachas margaidh agus ag na húdaráis chustaim ar an bhfaisnéis ***arna stóráil*** sa chlárlann dá dtagraítear i ***mír 1*** chun a ***gcuid dualgas*** a chomhlíonadh de bhun an Rialacháin seo. | 2. Beidh rochtain ***éifeachtúil*** ag an gCoimisiún, ag na húdaráis um fhaireachas margaidh agus ag na húdaráis chustaim ar an bhfaisnéis ***atá stóráilte*** sa chlárlann dá dtagraítear i ***mír 1*** chun a ***ndualgais*** a chomhlíonadh de bhun an Rialacháin seo. |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rialuithe custaim a bhaineann leis an bpas táirge | Rialuithe custaim a bhaineann leis an bpas táirge ***digiteach*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Féadfaidh na húdaráis chustaim an fhaisnéis faoi bhréagáin atá sa phas táirge agus sa chlárlann a aisghabháil agus a úsáid chun a ndualgais a dhéanamh de bhun reachtaíocht an Aontais, lena n- | 7. Féadfaidh na húdaráis chustaim an fhaisnéis faoi bhréagáin atá sa phas táirge ***digiteach*** agus sa chlárlann a aisghabháil agus a úsáid chun a ndualgais a dhéanamh de bhun reachtaíocht an Aontais, lena n- |

| | |
|---|---|
| áirítear le haghaidh bainistiú riosca i gcomhréir le hAirteagail 46 agus 47 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. | áirítear le haghaidh bainistiú riosca i gcomhréir le hAirteagail 46 agus 47 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 20a*** |
| | ***Cúnamh do FBManna*** |
| | ***1. Cuirfidh an Coimisiún cúnamh cuimsitheach ar fáil, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta ábhartha, do FBManna a bhfuil ceangal orthu pas táirge digiteach a bhunú le haghaidh bréagán, trí threoir shaincheaptha a sholáthar dóibh maidir le conas pas táirge digiteach a bhunú agus a oibriú go héifeachtúil le haghaidh bréagán agus uirlis aistriúcháin uathoibríoch le haghaidh na dteangacha dá dtagraítear in Airteagal 17(2) pointe (e).*** |
| | ***Soláthrófar an tacaíocht sin, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tráth nach déanaí ná......[12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |
| | ***2. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an bhféidearthacht uirlis ar líne a bhunú chun an fhaisnéis bhunúsach agus na feidhmeanna bunúsacha is gá a sholáthar do FBManna chun pas táirge digiteach a bhunú dá dtáirgí.*** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. D’fhonn a léiriú go gcomhlíonann bréagán na ***ceanglais fhíor-riachtanacha*** sábháilteachta, déanfaidh monaróirí, sula gcuirfidh siad bréagán ar an margadh, measúnú sábháilteachta ***lena n-áirítear anailís ar na guaiseacha a d’fhéadfadh a bheith ag baint leis an mbréagán, chomh maith le measúnú ar an nochtadh féideartha do ghuaiseacha den sórt sin.*** | 1. D’fhonn a léiriú go gcomhlíonann bréagán na ***buncheanglais*** sábháilteachta, déanfaidh monaróirí, sula gcuirfidh siad bréagán ar an margadh, measúnú sábháilteachta ***ina dhéanfar an méid seo a leanas ar a laghad:*** |
| | ***(a) cumhdófar leis na guaiseacha ceimiceacha, fisiceacha, meicniúla, leictreacha, inadhainteachta, sláinteachais agus radaighníomhaíochta uile agus an nochtadh féideartha do ghuaiseacha den sórt sin;*** |
| | ***(b) i ndáil le guaiseacha ceimiceacha, cuirfear san áireamh an nochtadh a d’fhéadfadh a bheith ann do cheimiceáin aonair, agus aon ghuaiseacha breise atá ar eolas mar gheall ar chomhnochtadh do na ceimiceáin éagsúla atá sa bhréagán, agus na hoibleagáidí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus na coinníollacha a leagtar amach ann á gcur san áireamh;*** |
| | ***(c) tabharfar cothrom le dáta é cibé uair a bheidh faisnéis ábhartha bhreise ar fáil.*** |
| | ***Áireofar an measúnú sábháilteachta sa doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 23.*** |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Déanfaidh an measúnú sábháilteachta na nithe seo a leanas go háirithe:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) cumhdófar leis na guaiseacha ceimiceacha, fisiceacha, meicniúla, leictreacha, inadhainteachta, sláinteachais agus radaighníomhaíochta uile agus an nochtadh féideartha do ghuaiseacha den sórt sin;*** | |
| ***(b) i ndáil le guaiseacha ceimiceacha, cuirfear san áireamh an nochtadh a d'fhéadfadh a bheith ann do cheimiceáin aonair, agus aon ghuais bhreise atá ar eolas mar gheall ar chomhnochtadh do na ceimiceáin éagsúla atá sa bhréagán, agus na hoibleagáidí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus na coinníollacha a leagtar amach ann á gcur san áireamh;*** | |
| ***(c) tabharfar cothrom le dáta é cibé uair a bheidh faisnéis ábhartha bhreise ar fáil.*** | |
| ***Áireofar an ráiteas maidir le sábháilteacht sa doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 23.*** | |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) i gcás inar foilsíodh ceann amháin nó níos mó de na caighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear i ***bpointe*** (a) maille le srian; | (c) i gcás inar foilsíodh ceann amháin nó níos mó de na caighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear i ***bpointe*** (a) maille le srian***, i gcás ina mbaineann an srian leis an mbréagán i dtrácht***; |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní thairgfidh ná ní sholáthróidh ***an t-údarás*** a thugann fógra aon ***ghníomhaíocht*** a dhéanann comhlachtaí um measúnú comhréireachta ná seirbhísí ***comhairleachta*** ar bhonn tráchtála ***nó*** ar bhonn iomaíoch a ***chur ar fáil***. | 4. Ní thairgfidh ná ní sholáthróidh ***údarás*** a thugann fógra aon ***ghníomhaíochtaí*** a dhéanann comhlachtaí um measúnú comhréireachta***,*** ná ***ní thairgfidh ná ní sholáthróidh siad*** seirbhísí ***comhairliúcháin*** ar bhonn tráchtála ***ná*** ar bhonn iomaíoch***, ach soláthróidh an t-údarás*** a ***thugann fógra faisnéis do na hoibreoirí eacnamaíocha faoi na nósanna imeachta le haghaidh an mheasúnaithe agus faoi na comhlachtaí um measúnú comhréireachta má iarrtar orthu déanamh amhlaidh***. |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Beidh líon leordhóthanach ***de phearsanra*** inniúil ***ag na húdaráis*** a thugann fógra ***le húsáid*** chun a ***gcúraimí a fheidhmiú i gceart***. | 6. Beidh líon leordhóthanach ***pearsanra*** inniúil ***agus acmhainní leordhóthanacha ar fáil d'údarás*** a thugann fógra chun a ***chuid cúraimí a chomhlíonadh go héifeachtúil***. |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 28 – mír 6 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh na hacmhainní is gá ag comhlacht um measúnú comhréireachta chun na cúraimí teicniúla agus riaracháin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a dhéanamh ***ar bhealach iomchuí*** agus beidh rochtain aige ar an trealamh nó ar na saoráidí uile is gá. | Beidh na hacmhainní is gá ag comhlacht um measúnú comhréireachta chun na cúraimí teicniúla agus riaracháin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a dhéanamh ***go héifeachtúil*** agus beidh rochtain aige ar an trealamh nó ar na saoráidí uile is gá. |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 7 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) eolas ***sásúil*** ar cheanglais na measúnuithe a dhéanann siad agus údarás ***leormhaith*** chun na measúnuithe sin a dhéanamh; | (b) eolas ***domhain*** ar cheanglais na measúnuithe a dhéanann siad agus údarás ***leordhóthanach*** chun na measúnuithe sin a dhéanamh; |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 7 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) eolas agus tuiscint ***iomchuí*** ar na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, ar na caighdeáin chomhchuibhithe is infheidhme dá dtagraítear in ***Airteagal 13*** den Rialachán seo agus ar na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear in ***Airteagal 14*** | (c) eolas ***domhain*** agus tuiscint ***dhomhain*** ar na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, ar na caighdeáin chomhchuibhithe is infheidhme dá dtagraítear in ***Airteagal 13*** den Rialachán seo agus ar na sonraíochtaí coiteanna dá |

| | |
|---|---|
| den Rialachán seo; | dtagraítear in ***Airteagal 14*** den Rialachán seo; |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Urramóidh pearsanra ***de chuid comhlacht*** um measúnú comhréireachta ***an*** rúndacht ghairmiúil maidir leis an bhfaisnéis uile a ***gheobhaidh siad*** agus a ***gcuid*** gcúraimí á gcomhlíonadh acu ***de bhun Iarscríbhinn IV***, ach amháin ***i ndáil*** le húdaráis inniúla an Bhallstáit ina ***ndéanfaidh an pearsanra sin a gcuid*** gníomhaíochtaí. Déanfar cearta maoine intleachtúla a chosaint. | 10. Urramóidh pearsanra ***comhlachta*** um measúnú comhréireachta rúndacht ghairmiúil maidir leis an bhfaisnéis uile a ***fhaightear*** agus a gcúraimí á gcomhlíonadh acu ***faoi Iarscríbhinn IV***, ach amháin ***maidir*** le húdaráis inniúla an Bhallstáit ina ***ndéantar a chuid*** gníomhaíochtaí. Déanfar cearta maoine intleachtúla ***agus rúin trádála*** a chosaint***, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/943***. |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Nós imeachta chun déileáil*** le bréagáin ***a bhfuil riosca ag baint leo ar an leibhéal náisiúnta*** | ***Bearta náisiúnta maidir*** le bréagáin ***nach gcomhlíonann na ceanglais shonracha sábháilteachta*** |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 41 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina mbeidh cúiseanna leordhóthanacha ag na húdaráis um fhaireachas margaidh de chuid aon Bhallstáit amháin le creidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht ***daoine*** le bréagán a chumhdaítear leis an Rialachán, déanfaidh siad meastóireacht i ndáil leis an mbréagán lena mbaineann ó thaobh na gceanglas ábhartha uile a leagtar síos sa Rialachán seo. Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha de réir mar is gá leis na húdaráis um fhaireachas margaidh chun na críche sin. | I gcás ina mbeidh cúiseanna leordhóthanacha ag na húdaráis um fhaireachas margaidh de chuid aon Bhallstáit amháin le creidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht ***leanaí*** le bréagán a chumhdaítear leis an Rialachán ***seo***, déanfaidh siad meastóireacht i ndáil leis an mbréagán lena mbaineann ó thaobh na gceanglas ábhartha uile a leagtar síos sa Rialachán seo. ***Cuirfidh siad an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha ar an eolas láithreach, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/1020, faoin nós imeachta a thionscain siad agus faoin riosca atá sainaitheanta acu a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an mbréagán, agus tabharfaidh siad deis don oibreoir eacnamaíoch freagairt a thabhairt.*** Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha de réir mar is gá leis na húdaráis um fhaireachas margaidh chun na críche sin. |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i ***míreanna 2, 4, 6 agus 8 den Airteagal seo a chur in iúl tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020. Ní dhéanfaidh an teachtaireacht sin difear don oibleagáid atá ar údaráis um*** | 9. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i ***míreanna 2, 4, 6 agus 8 den Airteagal seo a chur in iúl tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020. Ní dhéanfaidh an teachtaireacht sin difear don oibleagáid atá ar údaráis faireachais*** |

| | |
|---|---|
| ***fhaireachas margaidh fógra a thabhairt faoi bhearta arna ndéanamh in aghaidh táirgí a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/1020.*** | ***margaidh fógra a thabhairt faoi bhearta a dhéantar i gcoinne táirgí a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/1020 agus Airteagal 19 den Rialachán sin a fhorfheidhmiú go docht i bhfianaise leochaileacht leanaí i leith táirgí lochtacha, neamhshábháilte nó góchumtha.*** |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) níor tarraingíodh suas an pas táirge i gcomhréir le hAirteagal 17; | (c) níor tarraingíodh suas an pas táirge ***digiteach*** i gcomhréir le hAirteagal 17; |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) níor greamaíodh an t-iompróir sonraí trína bhfuil rochtain ar an bpas táirge i gcomhréir le hAirteagal 17(5); | (d) níor greamaíodh an t-iompróir sonraí trína bhfuil rochtain ar an bpas táirge ***digiteach*** i gcomhréir le hAirteagal 17(5); |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 chun Iarscríbhinn VI a leasú maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar sa phas táirge, chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch agus do leibhéal ullmhachta digití na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na n-úsáideoirí agus a maoirseoirí. | 1. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 chun Iarscríbhinn VI a leasú maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar sa phas táirge ***digiteach***, chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch agus do leibhéal ullmhachta digití na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na n-úsáideoirí agus a maoirseoirí. |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 2 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an gá atá ann a fhágáil gur féidir barántúlacht an phas táirge a fhíorú; | (b) an gá atá ann a fhágáil gur féidir barántúlacht an phas táirge ***digiteach*** a fhíorú; |

**Leasú 251**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 chun Cuid C den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn II a leasú chun úsáid áirithe i mbréagáin a cheadú de shubstaint shonrach nó de mheascán sonrach a thoirmisctear | 6. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 chun Cuid C den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn II a leasú ***go ceann tréimhse sonraithe*** chun úsáid áirithe i mbréagáin a cheadú de shubstaint shonrach nó de |

| | |
|---|---|
| faoi Chuid III, pointe 4, d'Iarscríbhinn II, nó chun úsáid áirithe a ceadaíodh a theorannú. | mheascán sonrach a thoirmisctear faoi Chuid III, pointe 4, d'Iarscríbhinn II, nó chun úsáid áirithe a ceadaíodh a theorannú. ***Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na hiarrataí ar dhíolúine agus ar fhad na n-iarrataí sin, cuirfidh sé san áireamh infhaighteacht roghanna malartacha agus aon drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an nuálaíocht. Beidh feidhm ag smaointeoireacht saolré ar thionchair fhoriomlána na díolúine, i gcás inarb ábhartha. Sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47 chun Cuid C den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn II maidir le nicil a leasú, chun an tréimhse bhailíochta a leagan amach don tsubstaint sin don díolúine ón toirmeasc cineálach faoi Chuid III, pointe 4, d'Iarscríbhinn II. Tabharfaidh an Coimisiún údar cuí le haon díolúine a dheonaítear agus cuirfidh sé an díolúine sin ar fáil go poiblí ar bhealach a bheidh inrochtana go héasca agus soláimhsithe.*** |

**Leasú 174**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 7 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Ní cheadófar substaint nó meascán a úsáid i mbréagáin ***a thoirmisctear faoi Chuid III, pointe 4, d'Iarscríbhinn II*** ach amháin ***nuair a*** chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas: | 7. Ní cheadófar substaint nó meascán ***atá toirmiscthe faoi Chuid III, pointe 4, pointí (***a***), (b), (db), (dc), (dd) agus (de) d'Iarscríbhinn II a*** úsáid i mbréagáin ach amháin ***má*** chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas: |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 7 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***chinn*** an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) go bhfuil sé sábháilte, ***go háirithe i bhfianaise nochtadh***, ***lena n-áirítear nochtadh foriomlán ó fhoinsí eile,*** agus leochaileacht leanaí ***á cur san áireamh go háirithe***; | (a) ***go bhfuair*** an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) go bhfuil sé sábháilte ***toisc nach féidir nochtadh a dhéanamh faoi dhálaí úsáide atá measartha intuartha i gcomhréir le hAirteagal 5(2)***, ***an chéad fhomhír***, agus ***aird ar leith á tabhairt ar*** leochaileacht leanaí; |

**Leasú 176**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 7 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) ní féidir go teicniúil díothú nó ionadú a dhéanamh trí athruithe ar an dearadh nó trí ábhair nó comhábhair eile a úsáid gan substaintí nó meascáin den sórt sin;*** |

**Leasú 177**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Ní cheadófar substaint nó meascán a thoirmisctear faoi Chuid III, pointe 4, pointí (c), (d) agus (da) d'Iarscríbhinn II a úsáid i mbréagáin ach amháin má chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:***<br>***(a) chinn ECHA go bhfuil sé sábháilte, go háirithe i bhfianaise nochta, lena n-áirítear an nochtadh foriomlán ó gach*** |

***foinse fhéideartha chomh maith le haon ghuaiseacha breise aitheanta ó nochtadh comhcheangailte do na substaintí agus meascáin éagsúla atá ann sa bhréagán, agus leochaileacht leanaí á cur san áireamh, go háirithe;***

***(b) ní féidir go teicniúil díothú nó ionadú a dhéanamh trí athruithe ar an dearadh nó trí ábhair nó comhábhair eile a úsáid gan substaintí nó meascáin den sórt sin;***

***(c) níl aon substaint ná meascán malartach oiriúnach ar fáil, de réir mar a bhunaítear ag ECHA bunaithe ar anailís ar roghanna malartacha;***

***(d) nach bhfuil toirmeasc ar an tsubstaint ná ar an meascán a úsáid in earraí tomhaltais faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.***

**Leasú 252**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7b. Beidh teorainn ama le díolúintí ón toirmeasc ginearálta i gcomhréir le míreanna 7 agus 7a. Beidh an tréimhse bhailíochta le haghaidh gach díolúine faoi réir athbhreithniú agus féadfar í a athnuachan, de réir an cháis, do gach substaint nó meascán.*** |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Chun críocha mhíreanna 6 ***agus 7***, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht chórasach agus thráthrialta ar shubstaintí guaiseacha ceimiceacha nó ar mheascáin ghuaiseacha cheimiceacha i mbréagáin. Sna meastóireachtaí sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh tuarascálacha ó chomhlachtaí faireachais margaidh agus fianaise eolaíoch arna tíolacadh ag na Ballstáit agus ag páirtithe leasmhara. | 9. Chun críocha mhíreanna 6 ***- 8***, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht chórasach agus thráthrialta ar shubstaintí guaiseacha ceimiceacha nó ar mheascáin ghuaiseacha cheimiceacha i mbréagáin. Sna meastóireachtaí sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh tuarascálacha ó chomhlachtaí faireachais margaidh agus fianaise eolaíoch arna tíolacadh ag na Ballstáit agus ag páirtithe leasmhara. |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 46*** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***neamhchinntithe ama***. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 46*** a thabhairt don Choimisiún go ceann ***cúig bliana amhail ón... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na*** tréimhse ***cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta***. ***Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.*** |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 47 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos ***i gComhaontú*** Idirinstitiúideach an ***13 Aibreán 2016*** maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. | 4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le ***geallsealbhóirí ábhartha agus le*** saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos ***i gComhaontú*** Idirinstitiúideach an ***13 Aibreán 2016*** maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 46 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***2 mhí*** tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***2 mhí*** ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 6. Ní thiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 46 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***3 mhí*** tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***3 mhí*** ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 182**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfear iarrataí ar mheasúnú ar shubstaint nó ar mheascán a thoirmisctear faoi Chuid III, pointe 4, d'Iarscríbhinn II chun críocha Airteagal 46(6) faoi bhráid ECHA agus úsáid á baint as na huirlisí formáide agus cur isteach dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo. | 1. Cuirfear iarrataí ar mheasúnú ar shubstaint nó ar mheascán a thoirmisctear faoi Chuid III, pointe 4, d'Iarscríbhinn II chun críocha Airteagal 46(6) faoi bhráid ECHA agus úsáid á baint as na huirlisí formáide agus cur isteach dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo. ***Cuirfear na hiarrataí ar fáil go poiblí ar bhealach a bheidh inrochtana go héasca agus soláimhsithe.*** |

**Leasú 183**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh aon duine a ***bhfuil*** iarraidh ar mheasúnú ***á cur isteach aige*** faoi ***mhír 1*** a iarraidh nach gcuirfear faisnéis áirithe ar fáil go poiblí. Ag gabháil leis an iarraidh ar rúndacht beidh bonn cirt maidir leis an bhfáth a bhféadfadh nochtadh na faisnéise dochar a dhéanamh do leasanna tráchtála an duine atá ag tíolacadh na hiarrata ar mheasúnú nó aon pháirtí eile lena mbaineann. | 2. ***Gan dochar don dara fomhír den mhír seo,*** féadfaidh aon duine a ***chuirfidh*** iarraidh ***isteach*** ar mheasúnú faoi ***mhír 1*** a iarraidh nach gcuirfear faisnéis ***rúnda*** áirithe ***ghnó*** ar fáil go poiblí ***i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais***. Ag gabháil leis an iarraidh ar rúndacht beidh bonn cirt maidir leis an bhfáth a bhféadfadh nochtadh na faisnéise dochar a dhéanamh do leasanna tráchtála an duine atá ag tíolacadh na hiarrata ar mheasúnú nó aon pháirtí eile lena mbaineann.<br><br>***Déanfar an fhaisnéis seo a leanas atá i seilbh ECHA a chur ar fáil go poiblí, saor in aisce, agus i bhformáid sholáimhsithe don úsáideoir:***<br><br>***(a) ainm an duine dhlítheanaigh a dhéanann an iarraidh;***<br><br>***(b) ainm na substainte nó an mheascáin a n-iarrtar díolúine ina leith;***<br><br>***(c) Cineál bréagáin nó comhpháirt bréagáin***<br><br>***(d) an plean ionadaíochta, i gcás inarb*** |

| | |
|---|---|
| | ***ábhartha;*** |

**Leasú 184**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh ECHA formáid agus uirlisí a tharraingt suas agus a chur ar fáil go poiblí chun iarrataí ar mheasúnú dá dtagraítear i ***mír 1*** a thíolacadh chomh maith le treoir theicniúil agus eolaíoch maidir le conas iarrataí den sórt sin a thíolacadh. | 3. ***Roimh an... [an chéad lá den mhí tar éis mí amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** déanfaidh ECHA formáid agus uirlisí a tharraingt suas agus a chur ar fáil go poiblí chun iarrataí ar mheasúnú dá dtagraítear i ***mír 1*** a thíolacadh chomh maith le treoir theicniúil agus eolaíoch maidir le conas iarrataí den sórt sin a thíolacadh. |

**Leasú 185**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun críocha Airteagal 46(6), tabharfaidh ECHA tuairimí don Choimisiún maidir le substaintí nó meascáin a úsáid i mbréagáin a thoirmisctear faoi Chuid III, pointe 4 d'Iarscríbhinn II, i gcás ina gcuirtear iarraidh ar mheasúnú faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 48(1). Déanfaidh ECHA measúnú ina thuairimí i dtaobh cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 46(***6***), ***an dara fomhír, pointí (a) agus (b),*** maidir le húsáid shonrach. | 1. Chun críocha Airteagal 46(6), tabharfaidh ECHA tuairimí don Choimisiún maidir le substaintí nó meascáin a úsáid i mbréagáin a thoirmisctear faoi Chuid III, pointe 4 d'Iarscríbhinn II, i gcás ina gcuirtear iarraidh ar mheasúnú faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 48(1). Déanfaidh ECHA measúnú ina thuairimí i dtaobh cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 46(***7***) ***agus Airteagal 46(7a)***, maidir le húsáid shonrach. |

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte maidir leis an gcaoi a ndéanfar an measúnú sin, go háirithe maidir le hinfhaighteacht substaintí malartacha nó meascán malartach agus conas aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí nochta comhcheangailte faoin Rialachán seo.*** |

**Leasú 187**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh ECHA a iarraidh ar an duine a bhfuil an iarraidh ar mheasúnú á cur isteach aige nó ar aon tríú páirtí faisnéis bhreise a chur isteach laistigh de thréimhse shonraithe. Cuirfidh ECHA aon fhaisnéis a thíolacfaidh tríú páirtithe san áireamh. | 2. Féadfaidh ECHA a iarraidh ar an duine a bhfuil an iarraidh ar mheasúnú á cur isteach aige nó ar aon tríú páirtí faisnéis bhreise a chur isteach laistigh de thréimhse shonraithe. Cuirfidh ECHA aon fhaisnéis a thíolacfaidh tríú páirtithe san áireamh. ***Nuair a mheasann ECHA gur gá é chun tréimhse bailíochta leordhóthanach a chinneadh don díolúine, féadfaidh sé freisin a iarraidh ar an duine atá ag tíolacadh na hiarrata ar mheasúnú plean ionadaíochta a chur isteach.*** |

**Leasú 188**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Seolfar na tuairimí dá dtagraítear i mír 1 chuig an gCoimisiún laistigh de | 3. Seolfar na tuairimí dá dtagraítear i mír 1 chuig an gCoimisiún ***agus cuirfear*** |

thréimhse 12 mhí ón iarraidh ar mheasúnú a fháil.

***ar fáil go poiblí iad ar bhealach a bheidh inrochtana go héasca agus soláimhsithe don úsáideoir*** laistigh de thréimhse 12 mhí ón iarraidh ar mheasúnú a fháil.

**Leasú 189**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Iarrfaidh an Coimisiún tuairim ó ECHA maidir le substaintí nó meascáin a liostaítear i gCuid C den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn II a úsáid i mbréagáin a luaithe a bheidh fios ag an gCoimisiún faoi fhaisnéis eolaíoch nua a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'úsáid cheadaithe substainte nó meascáin ar leith i mbréagáin. | 6. Iarrfaidh an Coimisiún tuairim ó ECHA maidir le substaintí nó meascáin a liostaítear i gCuid C den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn II a úsáid i mbréagáin a luaithe a bheidh fios ag an gCoimisiún faoi fhaisnéis eolaíoch nua ***nó forbairtí teicniúla nua*** a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'úsáid cheadaithe substainte nó meascáin ar leith i mbréagáin. |

**Leasú 190**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Chun críocha ***Airteagal 46***(7), féadfaidh an Coimisiún tuairim a iarraidh ar ECHA maidir le sábháilteacht substainte nó meascáin ar leith i mbréagáin***, ina gcuirfear san áireamh an nochtadh foriomlán don tsubstaint nó don mheascán ó fhoinsí eile agus leochaileacht leanaí.*** | 7. Chun críocha ***Airteagal 46***(7), ***(7a) agus (8),*** féadfaidh an Coimisiún tuairim a iarraidh ar ECHA maidir le sábháilteacht substainte nó meascáin ar leith i mbréagáin |

**Leasú 191**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Cuirfear na hacmhainní leordhóthanacha ar fáil do ECHA chun tacú lena chuid oibre.*** |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Urramóidh na húdaráis náisiúnta inniúla, na comhlachtaí faoina dtugtar fógra agus an Coimisiún rúndacht na faisnéise agus na sonraí seo a leanas a gheofar agus a gcúraimí á ndéanamh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo: | 1. Urramóidh na húdaráis náisiúnta inniúla, na comhlachtaí faoina dtugtar fógra***, ECHA*** agus an Coimisiún rúndacht na faisnéise agus na sonraí seo a leanas a gheofar agus a gcúraimí á ndéanamh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo: |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo, go háirithe chun críche imscrúduithe, cigireachtaí nó iniúchtaí.*** |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil IX a (nua) – Airteagal 52 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Caibidil IXa*** |
| | ***LEASUITHE*** |
| | ***Airteagal 52a*** |
| | ***Leasú ar Threoir 2014/53/AE*** |
| | ***In Airteagal 10(3) de Threoir 2014/53/AE, cuirtear isteach an téacs seo a leanas:*** |
| | ***'Má tá an trealamh raidió i mbréagán, áirítear freisin sa phas táirge digiteach arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an.... maidir le sábháilteacht bréagán na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn VI agus in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir seo.'*** |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le bréagáin a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le Treoir 2009/48/CE roimh an... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], féadfar leanúint dá gcur ar fáil ar an margadh go dtí an... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh ***42 mhí*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | 1. Maidir le bréagáin a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le Treoir 2009/48/CE roimh an... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], féadfar leanúint dá gcur ar fáil ar an margadh go dtí an... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh ***50 mhí*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Bréagáin a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le Treoir 2009/48/CE agus atá i gcomhréir leis an Rialachán seo, ní mheasfar iad a bheith neamhchomhlíontach mar gheall ar easpa pas táirge dhigitigh amháin, ar choinníoll go gcuireann an monaróir an fhaisnéis chéanna atá sa phas ar fáil nuair a iarrann na páirtithe atá i dteideal rochtain a bheith acu ar an bpas táirge digiteach sin faoin Rialachán seo.*** |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Caibidil VII den Rialachán seo in ionad Airteagail 42, 43 agus 45 de Threoir 2009/48/CE maidir le bréagáin a cuireadh ar an margadh i gcomhréir leis an Treoir sin roimh... [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta: an chéad lá den mhí i ndiaidh 30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], lena n- áirítear bréagáin ar tionscnaíodh nós imeachta ina leith cheana faoi Airteagal 42 nó 43 de Threoir 2009/48/CE roimh... ***[Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta: an*** chéad lá den mhí i ndiaidh ***30*** mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an | 2. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Caibidil VII den Rialachán seo in ionad Airteagail 42, 43 agus 45 de Threoir 2009/48/CE maidir le bréagáin a cuireadh ar an margadh i gcomhréir leis an Treoir sin roimh... [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta: an chéad lá den mhí i ndiaidh 30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], lena n- áirítear bréagáin ar tionscnaíodh nós imeachta ina leith cheana faoi Airteagal 42 nó 43 de Threoir 2009/48/CE roimh... ***[an*** chéad lá den mhí i ndiaidh ***50*** mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin |

Rialacháin seo].

seo].

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Leanfaidh deimhnithe ar chineálscrúdú CE arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 20 de Threoir 2009/48/CE de bheith bailí go dtí... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta: an chéad lá den mhí i ndiaidh ***42*** mhí tar éis dháta ***theacht i bhfeidhm*** an Rialacháin seo], mura rachaidh siad in éag roimh an dáta sin. | 3. Leanfaidh deimhnithe ar chineálscrúdú CE arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 20 de Threoir 2009/48/CE de bheith bailí go dtí... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta: an chéad lá den mhí i ndiaidh ***24*** mhí tar éis dháta ***chur i bhfeidhm*** an Rialacháin seo], mura rachaidh siad in éag roimh an dáta sin. |

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin... ***[Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an*** chéad lá den mhí i ndiaidh 60 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. | 1. Faoin... ***[an*** chéad lá den mhí i ndiaidh 60 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. ***Déanfar an méid a leanas a mheas leis an tuarascáil:*** <br> ***(1) ar baineadh amach leis an Rialachán seo, agus go háirithe na forálacha i gCaibidil IV, an cuspóir maidir le hardleibhéal cosanta sláinte agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***sábháilteachta leanaí a áirithiú agus an bhféadfaí bréagáin oiriúnaitheacha a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo;*** |
| | ***(2) éifeacht an Rialacháin ar shábháilteacht úsáideoirí bréagán agus ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, chomh maith le hachoimre mhionsonraithe ar na héifeachtaí ar ghnólachtaí, lena n-áirítear costais oibríochtaí agus iomaíochas, go háirithe do FBManna;*** |
| | ***(3) cróimiam, caidmiam, mearcair agus luaidhe a bheith i mbréagáin agus an tionchar atá acu ar shábháilteacht úsáideoirí bréagán.*** |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail 17(10), 24 go 40 agus 46 go 52 ón...***[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail ***2 (3),*** 17(10), 24 go 40 agus 46 go 52 ón...***[dáta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. trealamh spóirt, lena n-áirítear scátaí rollála, scátaí lannrollála agus cláir scátála | 3. trealamh spóirt, lena n-áirítear scátaí rollála, scátaí lannrollála agus ***modhanna*** |

| | |
|---|---|
| atá beartaithe do leanaí ar mó a ***gcorpmhais*** ná 20 kg; | ***eile iompair, amhail*** cláir scátála ***agus scútair*** atá beartaithe do leanaí ar mó a ***mais choirp*** ná 20 kg; |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. scútair agus modhanna eile iompair atá deartha le haghaidh spóirt nó atá beartaithe lena n-úsáid chun taisteal ar bhóithre poiblí nó ar chosáin phoiblí;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 14. trealamh leictreonach, amhail ríomhairí pearsanta agus consóil cluichí, a úsáidtear chun rochtain a fháil ar bhogearraí idirghníomhacha agus na forimeallaigh atá bainteach leo, ach amháin má tá an trealamh leictreonach nó na forimeallaigh ***bhainteacha*** deartha go sonrach do leanaí agus spriocdhírithe orthu agus má tá luach súgartha dá gcuid féin acu, amhail ríomhairí pearsanta, méarchláir, luamháin stiúrtha nó rothaí stiúrtha saindeartha; | 14. trealamh leictreonach, amhail ríomhairí pearsanta agus consóil cluichí, a úsáidtear chun rochtain a fháil ar bhogearraí idirghníomhacha agus na forimeallaigh ***nó na comhpháirteanna*** atá bainteach leo, ach amháin má tá an trealamh leictreonach nó na forimeallaigh ***nó na comhpháirteanna bainteacha*** deartha go sonrach do leanaí agus spriocdhírithe orthu agus má tá luach súgartha dá gcuid féin acu, amhail ríomhairí pearsanta, méarchláir, luamháin stiúrtha nó rothaí stiúrtha saindeartha; |

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***19a. Leabhair atá beartaithe do leanaí níos sine ná 36 mhí, atá déanta go hiomlán as páipéar nó cairtchlár, gan ábhair ná comhpháirteanna breise.*** |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid I– pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Dearfar agus monarófar bréagáin ar bhealach nach lagófar éisteacht an linbh de dheasca na fuaime a dhéanann siad, i dtéarmaí uasluachanna torainn tuairte agus torainn leanúnaigh. | 9. Dearfar agus monarófar bréagáin ***atá deartha chun fuaim a astú*** ar bhealach nach lagófar éisteacht an linbh de dheasca na fuaime a dhéanann siad, i dtéarmaí uasluachanna torainn tuairte agus torainn leanúnaigh. ***Socrófar na luachanna teorantacha trí ghníomh tarmligthe, agus ní rachaidh na luachanna uasta thar na luachanna a leagtar síos i dTreoir 2003/10/CEE.*** |

**Leasuithe 206 agus 253**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid II – pointe 2 – pointe a – pointe 5**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (5) aicmí guaise 3.9 agus ***3.10***; | (5) aicmí guaise 3.9***, 3.10*** agus ***3.11***; |

**Leasú 254**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid II – pointe 2 – pointe a – pointe 6**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (6) aicme ghuaise 4.1; | (6) aicme ghuaise 4.1***, 4.2, 4.3 agus 4.4***; |

**Leasú 207**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid III – pointe 2**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 2. Bréagáin ar substaintí nó meascáin iad féin, comhlíonfaidh siad Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 freisin. | 2. Bréagáin ar substaintí nó meascáin iad féin, comhlíonfaidh siad Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 freisin ***chomh maith leis na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh*. *1223/2009.*** |

**Leasú 208**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid III – pointe 4 – an chuid réamhráiteach**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 4. Substaintí nó ***meascáin*** a aicmítear i ***gCuid 3*** d'***Iarscríbhinn VI*** a ghabhann le ***Rialachán*** (CE) Uimh. 1272/2008 in aon cheann de na catagóirí seo a leanas***, tá*** | 4. ***Tá toirmeasc ar úsáid*** substaintí nó ***meascán*** a ***chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 57 den Rialachán seo agus atá sainaitheanta i gcomhréir le*** |

| | |
|---|---|
| ***toirmeasc ar a n-úsáid*** i mbréagáin, i gcomhpháirteanna bréagán nó i ***bpáirteanna bréagán*** atá leithleach ***ó thaobh micreastruchtúir de***: | ***hAirteagal 59(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, a*** aicmítear i ***gCuid 3*** d'***Iarscríbhinn VI*** a ghabhann le ***Rialachán*** (CE) Uimh. 1272/2008 ***nó a chomhlíonann na critéir maidir le haicmiú*** in aon cheann de na catagóirí seo a leanas i mbréagáin, i gcomhpháirteanna bréagán nó i ***gcodanna*** atá leithleach ***go mionstruchtúrach i mbréagáin***: |

**Leasú 209**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid III – pointe 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) suaitheadh inchríneach de chatagóir 1 nó 2; | (b) suaitheadh inchríneach de chatagóir 1 nó 2 ***i gcás shláinte an duine agus an chomhshaoil***; |

**Leasú 210**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid III – pointe 4 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) íogrú craicinn, catagóir 1;*** |

**Leasú 211**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid III – pointe 4 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) marthanach, inbhithbhailithe agus tocsaineach;*** |

**Leasú 212**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid III – pointe 4 – pointe d c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(dc) thar a bheith marthanach, thar a bheith inbhithbhailithe;*** |

**Leasú 213**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid III – pointe 4 – pointe d d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(dd) marthanach, soghluaiste agus tocsaineach;*** |

**Leasú 214**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Part III – pointe 4 – pointe d e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(de) thar a bheith marthanach, thar a bheith soghluaiste.*** |

**Leasú 215**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid III – pointe 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Tá toirmeasc ar shubstaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS) agus ar bhisfeanóil a úsáid i mbréagáin, i gcomhpháirteanna bréagán*** |

***nó i gcodanna éagsúla micreastruchtúracha de bhréagáin. Ní bheidh aon chumhrán i mbréagáin atá beartaithe lena n-úsáid ag leanaí faoi bhun 36 mhí ná i mbréagáin eile a bhfuil sé beartaithe iad a chur sa bhéal.***

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid III – pointe 7 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) comhpháirteanna bréagán ***lena bhfuil gá le haghaidh*** fheidhmeanna leictreonacha nó leictreacha ***an bhréagáin*** i gcás ***ina mbeidh*** an tsubstaint nó an meascán ***go hiomlán neamh-inrochtana ag an leanbh***, lena n-áirítear trí ionanálú. | (c) comhpháirteanna bréagán ***atá riachtanach d'***fheidhmeanna leictreonacha nó leictreacha ***na bréagán*** i gcás ***nach bhfuil rochtain iomlán ag leanaí ar*** an tsubstaint nó ***ar*** an meascán, lena n-áirítear trí ionanálú***, nuair a úsáidtear an bréagán mar a shonraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 5(2)***. |

**Leasú 217**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid III – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Bréagáin chosmaideacha, amhail cosmaidí bréige do bhábóga, comhlíonfaidh siad na ceanglais maidir le comhdhéanamh agus lipéadú a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43] . | 8. Bréagáin chosmaideacha, amhail cosmaidí bréige do bhábóga ***nó do leanaí***, ***slam, méarphéint nó cré shamhaltaithe,*** comhlíonfaidh siad na ceanglais maidir le comhdhéanamh agus lipéadú a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43] . |
| [43] Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | [43] Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (IO L 342, 22.12.2009, lch. 59).

an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (IO L 342, 22.12.2009, lch. 59).

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid IV – pointe 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní bheidh voltais inmheánacha níos mó ná 24 volta SD ná voltas SA coibhéiseach ach amháin má áirithítear nach mbeidh aon riosca don tsláinte agus don tsábháilteacht ná aon turraing leictreach ag baint leis an gcomhcheangal den voltas agus den sruth arna ghiniúint, fiú i gcás ina mbeidh an bréagán briste. | Ní bheidh voltais inmheánacha níos mó ná 24 volta SD ná voltas SA coibhéiseach ach amháin má áirithítear nach mbeidh aon riosca don tsláinte agus don tsábháilteacht ná aon turraing leictreach ***díobhálach*** ag baint leis an gcomhcheangal den voltas agus den sruth arna ghiniúint, fiú i gcás ina mbeidh an bréagán briste. |

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid V – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Bréagán atá beartaithe lena úsáid ag leanaí faoi bhun ***36 mhí d'aois, dearfar*** agus ***monarófar é ar bhealach ar*** féidir é a ghlanadh. Chuige sin, beidh bréagán teicstíle in-nite, ach amháin má tá meicníocht ann dá bhféadfaí damáiste a dhéanamh dá gcuirfí ar maos é lena ní. Comhlíonfaidh an bréagán na ceanglais sábháilteachta tar éis a ghlanta i gcomhréir leis an bpointe seo agus le treoracha an mhonaróra freisin. | 2. Bréagán atá beartaithe lena úsáid ag leanaí faoi bhun ***36 mhí nó a bheartaítear a chur sa bhéal, déanfar é a dhearadh*** agus ***a mhonarú sa chaoi gur*** féidir é a ghlanadh. Chuige sin, beidh bréagán teicstíle in-nite, ach amháin má tá meicníocht ann dá bhféadfaí damáiste a dhéanamh dá gcuirfí ar maos é lena ní. Comhlíonfaidh an bréagán na ceanglais sábháilteachta tar éis a ghlanta i gcomhréir leis an bpointe seo agus le |

treoracha an mhonaróra freisin.

**Leasú 257**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Foscríbhinn – Cuid A – tábla**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| **Gné** | **mg/kg in ábhar bréagán tirim, briosc, púdrach nó solúbtha** | **mg/kg in ábhar bréagán leachtach nó greamaitheach** | **mg/kg in ábhar bréagán arna scríobadh díobh** |
|---|---|---|---|
| Alúmanam | 2250 | 560 | 28130 |
| Antamón | 45 | 11.3 | 560 |
| Arsanaic | 3.8 | 0.9 | 47 |
| Bairiam | 1 500 | 375 | 18750 |
| Bórón | 1 200 | 300 | 15 000 |
| ***Caidmiam*** | ***1.3*** | ***0.3*** | ***17*** |
| Króimiam (III) | 37.5 | 9.4 | 460 |
| ***Cróimiam (VI)*** | ***0.02*** | ***0.005*** | ***0.053*** |
| Cóbalt | 10.5 | 2.6 | 130 |
| Copar | 622.5 | 156 | 7 700 |
| ***Luaidhe*** | ***2.0*** | ***0.5*** | ***23*** |
| Mangainéis | 1 200 | 300 | 15 000 |
| ***Mearcair*** | ***7.5*** | ***1.9*** | ***94*** |
| Nicil | 75 | 18.8 | 930 |
| Seiléiniam | 37.5 | 9.4 | 460 |
| Strontiam | 4 500 | 1 125 | 56 000 |
| Stán | 15 000 | 3 750 | 180 000 |
| Stán orgánach | 0.9 | 0.2 | 12 |
| Sinc | 3 750 | 938 | 46 000 |

*Leasú*

| **Gné** | **mg/kg in ábhar bréagán tirim, briosc, púdrach nó solúbtha** | **mg/kg in ábhar bréagán leachtach nó greamaitheach** | **mg/kg in ábhar bréagán arna scríobadh díobh** |
|---|---|---|---|
| Alúmanam | 2250 | 560 | 28130 |
| Antamón | 45 | 11.3 | 560 |
| Arsanaic | 3.8 | 0.9 | 47 |
| Bairiam | 1 500 | 375 | 18750 |
| Bórón | 1 200 | 300 | 15 000 |
| ***Scriosta*** | | | |
| Cróimiam (III) | 37.5 | 9.4 | 460 |
| ***Scriosta*** | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cóbalt | 10.5 | 2.6 | 130 |
| Copar | 622.5 | 156 | 7 700 |
| ***Scriosta*** | | | |
| Mangainéis | 1 200 | 300 | 15 000 |
| ***Scriosta*** | | | |
| Nicil | 75 | 18.8 | 930 |
| Seiléiniam | 37.5 | 9.4 | 460 |
| Strontiam | 4 500 | 1 125 | 56 000 |
| Stán | 15 000 | 3 750 | 180 000 |
| Stán orgánach | 0.9 | 0.2 | 12 |
| Sinc | 3 750 | 938 | 46 000 |

**Leasú 255**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Foscríbhinn – Cuid A – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ní bheidh cróimiam VI, caidmiam, mearcair ná luaidhe i mbréagáin, mura féidir a láithreacht a sheachaint go teicniúil faoi dhea-chleachtas monaraíochta agus mura sáraíonn sé an teorainn braite san ábhar aonchineálach.*** |

**Leasú 256**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Foscríbhinn – Cuid A – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tá toirmeasc ar nítreasaimíní agus ar shubstaintí in-níotrósáithithe i mbréagáin atá beartaithe lena n-úsáid ag leanaí faoi bhun 36 mhí nó i mbréagáin eile atá beartaithe lena gcur sa bhéal i gcás ina mbeidh ascnamh na substaintí sin níos airde ná 0.01 mg/kg i gcás nítreasaimíní | 2. Tá cosc ar nítreasaimíní agus substaintí ***in-níotrósáithithe i ngach bréagán***. ***Ní rachaidh ascnamh na substaintí sin ó bhréagáin, ó chomhpháirteanna bréagán nó ó chodanna éagsúla micreastruchtúracha de bhréagáin, thar 0.01 mg/kg le*** |

| | |
|---|---|
| agus 0.1 mg/kg i gcás substaintí in-níotrósaithe nó cothrom leis na luachanna sin. | ***haghaidh nítreasaimíní agus 0.1 mg/kg i gcás substaintí in-níotrósáithithe.*** |

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Foscríbhinn – Cuid A – pointe 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh na cumhráin ailléirgineacha seo a leanas i mbréagáin ach amháin má tá a láithreacht sa bhréagán dosheachanta go teicniúil faoin dea-chleachtas monaraíochta agus nach mó iad ná ***100 mg/kg***: | 4. Ní bheidh na cumhráin ailléirgineacha seo a leanas i mbréagáin ach amháin má tá a láithreacht sa bhréagán dosheachanta go teicniúil faoin dea-chleachtas monaraíochta agus nach mó iad ná ***10 mg/kg***: |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Foscríbhinn – Cuid B – pointe 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh ainmneacha na gcumhrán ailléirgineach seo a leanas liostaithe ar an mbréagán, ar lipéad atá greamaithe de, ar an bpacáistíocht nó i mbileog a ghabhann leis, agus sa phas táirge, má chuirtear na hailléirginí sin le bréagán, i gcás ina mbeidh tiúchaintí is mó ná ***100*** mg/kg díobh sa bhréagán: | 1. Beidh ainmneacha na gcumhrán ailléirgineach seo a leanas liostaithe ar an mbréagán, ar lipéad atá greamaithe de, ar an bpacáistíocht nó i mbileog a ghabhann leis, agus sa phas táirge ***digiteach***, má chuirtear na hailléirginí sin le bréagán, i gcás ina mbeidh tiúchaintí is mó ná ***10*** mg/kg díobh sa bhréagán: |

**Leasú 258**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Foscríbhinn – Cuid C – tábla**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Substaint nó meascán | Aicmiú | Úsáid fhormheasta |
|---|---|---|
| Nicil | Carc 2 | I mbréagáin agus i gcomhpháirteanna bréagán cruach dosmálta.<br>I gcomhpháirteanna bréagán atá beartaithe sruth leictreach a sheoladh. |

*Leasú*

| Substaint nó meascán | Aicmiú | Úsáid fhormheasta | ***Dátaí infheidhmeachta*** |
|---|---|---|---|
| Nicil | Carc 2 | I mbréagáin agus i gcomhpháirteanna bréagán cruach dosmálta.<br>I gcomhpháirteanna bréagán atá beartaithe sruth leictreach a sheoladh. | |

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – pointe 1 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Roimh gach rabhadh*** beidh an focal 'Rabhadh' nó, ***de rogha*** air sin, picteagram cineálach amhail an ***ceann*** seo a leanas: | Beidh an focal 'Rabhadh' ***roimh gach rabhadh*** nó, ***mar mhalairt*** air sin, picteagram cineálach amhail an ***picteagram*** seo a leanas***, a thaispeánfar ar bhealach feiceálach***: |

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – pointe 2 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis na rabhaidh sin gabhfaidh tásc gearr, a d'fhéadfadh a bheith le feiceáil sna treoracha úsáide, den ghuais shonrach arb í is siocair leis an réamhchúram sin. | ***Beidh trastomhas 10 mm ar a laghad ar an bpicteagram agus beidh ciorcal dearg a bhfuil cúlra bán air agus an téacs agus an éadan i ndath dubh.*** Leis na rabhaidh sin gabhfaidh tásc gearr, a d'fhéadfadh a bheith le feiceáil sna treoracha úsáide, den ghuais shonrach arb í is siocair leis an réamhchúram sin. |

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – pointe 8 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bréagáin ***atá laistigh de bhia*** nó cóimheasctha le ***bia***, beidh an rabhadh seo a leanas orthu: | ***Pacáistiú bia ina bhfuil*** bréagáin nó ***pacáistiú bia nó pacáistiú bia*** cóimheasctha le ***bréagáin***, beidh an rabhadh seo a leanas orthu: |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – Cuid I – pointe 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Marcáil CE agus pas táirge | 4. Marcáil CE agus pas táirge ***digiteach*** |

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – cuid I – pointe 4 – pointe 4.2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4.2. Déanfaidh an monaróir an pas táirge a tharraingt suas le haghaidh ***samhail bhréagáin*** agus áiritheoidh sé go mbeidh ***an pas*** ar fáil, in éineacht leis an doiciméadacht theicniúil, ***go ceann 10 mbliana*** tar éis ***don táirge a bheith curtha*** ar an margadh. Leis an bpas táirge, sainaithneofar an bréagán ar lena aghaidh a tarraingíodh suas é. | 4.2. Déanfaidh an monaróir an pas táirge ***digiteach*** a tharraingt suas le haghaidh ***múnla bréagán*** agus áiritheoidh sé go mbeidh ***sé*** ar fáil, in éineacht leis an doiciméadacht theicniúil, ***ar feadh 10 mbliana*** tar éis ***an mhír dheireanach den mhúnla bréagán a chur*** ar an margadh. Leis an bpas táirge ***digiteach***, sainaithneofar an bréagán ar lena aghaidh a tarraingíodh suas é. |

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – Cuid II – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. ***Maidir le*** deimhniú ar chineálscrúdú ***AE, na hiarscríbhinní*** agus ***na breiseanna a ghabhann*** leis***, chomh maith leis*** an doiciméadacht theicniúil***, coinneoidh an monaróir cóip díobh*** ar fáil do na húdaráis náisiúnta ***go ceann 10 mbliana*** tar éis an ***táirge*** a chur ar an margadh. | 9. ***Coinneoidh an monaróir cóip den*** deimhniú ar chineálscrúdú ***de chuid an Aontais, a iarscríbhinní*** agus ***a bhreiseanna mar aon*** leis an doiciméadacht theicniúil ar fáil do na húdaráis náisiúnta ***ar feadh 10 mbliana*** tar éis an ***mhír dheireanach den mhúnla bréagán*** a chur ar an margadh. |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV — Cuid III — teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| III Cineálchomhréireacht arna bunú ar rialú inmheánach ar an táirgeadh | III ***Modúl C:*** Cineálchomhréireacht arna bunú ar rialú inmheánach ar an táirgeadh |

**Leasú 230**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – Cuid III – pointe 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Marcáil CE agus pas táirge | 3. Marcáil CE agus pas táirge ***digiteach*** |

**Leasú 231**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – Cuid III – pointe 3 – pointe 3.2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3.2. Cruthóidh an monaróir pas táirge le haghaidh samhail ***bhréagáin*** agus áiritheoidh sé go mbeidh ***an pas*** ar fáil go ceann ***10 mbliana*** tar éis ***don bhréagán a bheith curtha*** ar an margadh. Leis an bpas táirge, sainaithneofar an bréagán ar lena aghaidh a tarraingíodh suas é. | 3.2. Cruthóidh an monaróir pas táirge ***digiteach*** le haghaidh samhail ***bréagán*** agus áiritheoidh sé go mbeidh ***sé*** ar fáil go ceann ***10 mbliana*** tar éis ***an mhír dheireanach den mhúnla bréagán a chur*** ar an margadh. Leis an bpas táirge ***digiteach***, sainaithneofar an bréagán ar lena aghaidh a tarraingíodh suas é. |

**Leasú 232**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Cóipeanna de na doiciméid a chuir an monaróir faoi bhráid aon chomhlachta faoina dtugtar fógra, | (5) Cóipeanna de na doiciméid a chuir an monaróir faoi bhráid aon chomhlachta faoina dtugtar fógra, ***i gcás inarb ábhartha;*** |

**Leasú 233**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI - fo-cheannteideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| PAS TÁIRGE | PAS TÁIRGE ***DIGITEACH*** |

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI — Cuid I — teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I Faisnéis atá le cur san áireamh sa phas táirge | I Faisnéis atá le cur san áireamh sa phas táirge ***digiteach*** |

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – Cuid I – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) an ní is ábhar don phas (sainaithint an bhréagáin lena gceadaítear inrianaitheacht***, lena n-áirítear íomhá dhaite a bheidh soiléir a dóthain chun go mbeifear in ann an bréagán a shainaithint***; | (d) an ní is ábhar don phas (sainaithint an bhréagáin lena gceadaítear inrianaitheacht***)***; |

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – Cuid I – pointe j a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ja) an caineál cumarsáide dá bhforáiltear in Airteagal 7(11);*** |

**Leasú 237**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – Cuid I – pointe j b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(jb) má áirítear sa bhréagán trealamh raidió an fhaisnéis dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;*** |

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – Cuid I – pointe j c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(jc) nasc chuig an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht agus chuig an roinn den Tairseach Safety Gate dá dtagraítear in Airteagail 27 agus 34(3) de Rialachán 2023/988 chun faisnéis a tharchur faoi bhréagáin a d'fhéadfadh sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a chur i mbaol.*** |

**Leasú 239**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – Cuid I – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(k) aon substaint sa bhréagán ar údar imní í.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 240**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI — Cuid II — teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| II Faisnéis a fhéadfar a áireamh sa phas táirge | II Faisnéis a fhéadfar a áireamh sa phas táirge ***digiteach*** |

**Leasú 241**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – Cuid II – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) íomhá nó líníocht den bhréagán.*** |